
An tSeirbhís Phromhaidh
The Probation Service


# Tuarascáil Bhliantúil





2014









**Pobail níos sábháilte agus líon níos lú íospartach trí athshlánú ciontóirí**

# INNÉACS


## Réamhrá — Leathanach 5

## Rannán 1

Céard a Dhéanaimid: Obair na Seirbhíse Promhaidh — Leathanach 7

Na Daoine a nOibrímid leo: Ár gCuid Oibre le Ciontóirí, le Pobail agus le hÍospartaigh na Coireachta in 2014 — Leathanach 8

Ár gComhpháirtithe — Leathanach 12

Na hÁiteanna ina nOibrímid: Ár gCuid Seirbhísí a Sholáthar — Leathanach 17

Conas a Oibrímid — Leathanach 32

## Rannán 2

Feidhmíocht de réir Spriocanna in 2014 — Leathanach 38

Tuarascáil ar Chomhstraitéis Sheirbhís Phríosúin na hÉireann/ na Seirbhíse Promhaidh — Leathanach 41

## Aguisíní

Gluais Téarmaí — Leathanach 46

Cairt Eagrúcháin na Seirbhíse Promhaidh — Leathanach 48


Léarscáil Réigiúnach na Seirbhíse Promhaidh — Leathanach 49

Príomhláithreacha Soláthair na Seirbhíse Promhaidh 2014 — Leathanach 50

Airgeadas — Leathanach 51

Staitisticí — Leathanach 53

Liosta na nEagraíochtaí Pobalbhunaithe a fhaigheann cistiú tríd an tSeirbhís Phromhaidh — Leathanach 69



# Pobail níos sábháilte agus líon níos lú íospartach trí athshlánú ciontóirí

An tSeirbhís Phromhaidh
The Probation Service

# Réamhrá



Is rídheas liom Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Promhaidh don bhliain 2014 a chur faoi bhráid Frances Fitzgerald TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Sa tuarascáil seo, leagtar amach obair agus feidhmíocht na Seirbhíse le linn 2014 in aghaidh ár bpríomhchuspóirí agus ár bpríomhthosaíochtaí.

Lean an tSeirbhís Phromhaidh de thacú leis an Roinn cur chun feidhme a dhéanamh ar Phlean an Rialtais um Théarnamh Náisiúnta 2011-2016 agus ar an g*Clár don Athrú* a tháinig as an Athbhreithniú Neamhspleách ar an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Iúil 2014). Táimid ag oibriú chun ár n-acmhainn cheannaireachta agus bhainistíochta, ár n-oscailteacht agus ár dtrédhearcacht ar fud próisis ghnó agus struchtúir ghnó a neartú agus chun rialachas agus cuntasacht a fheabhsú. Agus na smaointe sin inár gceann, chuireamar tús le tionscadal tábhachtach iontach go luath sa bhliain 2014 chun creat um chaighdeáin chleachtais ar ardchaighdeán a chur i bhfeidhm, rud a thabharfaidh cleachtas agus soláthar seirbhíse na Seirbhíse Promhaidh chuig leibhéil nua éifeachtachta, chomhsheasmhachta agus trédhearcachta ó thaobh gairmiúlachta de. Tabharfaidh sé sinn níos gaire dár sprioc maidir lena bheith mar eagraíocht a mheastar go fabhrach, rud is féidir a thaispeáint freisin, i gcomparáid le haon seirbhís den chineál céanna ar leibhéal idirnáisiúnta. Cuireadh an chéad sraith d'ocht gcaighdeán cleachtais chun feidhme ó mhí Dheireadh Fómhair 2014.

Leanann comhoibriú idirghníomhaireachta de bheith ina bhonn tábhachtach le haghaidh bainistíocht éifeachtach ciontóirí.
I dTuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Bheartas Pionósach a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2014, leagadh béim ar an ngá atá ann le héifeachtúlachtaí a mhéadú sa dóigh a ndéanaimid ár ngnó ar fud Gníomhaireachtaí Ceartais Choiriúil. Táimid ag oibriú lenár gcomhghleacaithe sna gníomhaireachtaí sin ar son moltaí an athbhreithnithe straitéisigh a chur chun feidhme. Leagtar amach san athbhreithniú sin treochlár le haghaidh córas pionósach atá cóir, comhréireach, daonnachtúil agus éifeachtach a fhorbairt.

I gcomhréir le moltaí an Bheartais Phionósaigh, comhaontaíodh prótacal Freagartha Comhghníomhaireachta ar Choireacht idir an Garda Síochána, an tSeirbhís Phromhaidh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann i mí na Samhna. Ina dhiaidh sin, cuireadh tús le roinnt cláir áitiúla chun dul i ngleic le hiompar ciontóirí ilghníomhacha sainaitheanta.

Tá tuarascáil ar dhul chun cinn ar Chomh-Phlean Straitéiseach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus na Seirbhíse Promhaidh 2013-2015 curtha san áireamh sa tuarascáil bhliantúil seo. Rud amháin lenar bhain rath leantach ba ea leathnú na scéime um Fhilleadh ar an bPobal. Sáraíodh an sprioclíon rannpháirtithe do 2014. D'éirigh leis an gClár um Fhilleadh ar an bPobal cur chuige éifeachtach ilghníomhaireachta a sholáthar maidir le bainistiú agus athshlánú ciontóirí lena ndéantar soláthar do scaoileadh struchtúrtha ó choimeád, rud is cúis le laghdú ar chiontú, le hathimeascadh feabhsaithe príosúnach agus le tairbhí don phobal leathan.

Go luath i Samhradh na bliana 2014, chuir an tSeirbhís tús le próiseas comhairliúcháin chun ullmhú dár Straitéis Seirbhíse nua le haghaidh 2015-2017. Reáchtáladh fócasghrúpaí leis an bhfoireann agus le geallsealbhóirí agus iarradh aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara. Ghlac Úsáideoirí Seirbhíse páirt sa phróiseas comhairliúcháin den chéad uair riamh. Reáchtáladh grúpaí oibre le cliaint i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh araon agus bhain torthaí an-rathúil leo.

Táim ag súil le leanúint dár spriocanna straitéiseacha agus dár dtosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh in 2015 agus le leanúint dár socruithe leanúnacha comhpháirtíochta lenár gcomhghleacaithe i réimse an Cheartais Choiriúil agus muid ag oibriú chun pobail níos sábháilte agus líon níos lú íospartach a bhaint amach.



**Vivian Geiran, Stiúrthóir**

# Rannán 1

**CÉARD A DHÉANAIMID - Obair na Seirbhíse Promhaidh**

Ar aon lá ar leith, bainistíonn an tSeirbhís Phromhaidh suas le 7,000 ciontóir atá faoi mhaoirseacht atá ordaithe ag an gCúirt sa phobal (dá bhfuil thart ar 7% faoi bhun 18 mbliana d'aois agus 12% ina mná) agus déanann sí tuairim is 1,600 measúnú ar chiontóirí do na Cúirteanna ag aon am ar leith. Bíonn Oifigigh Phromhaidh i dteagmháil ghníomhach le breis agus 1,500 príosúnach faoi choimeád ar aon lá ar leith. Ullmhaíonn siad measúnuithe, tugann siad aghaidh ar cheisteanna a bhaineann le cionta agus ullmhaíonn siad príosúnaigh le haghaidh athimeascadh ina bpobal.

**NA DAOINE A nOIBRÍMID LEO**

Oibrímid le ciontóirí, le pobail agus le híospartaigh na coireachta. Is oibrithe sóisialta ag a bhfuil oiliúint ghairmiúil iad Oifigigh Phromhaidh. Baineann siad leas as roinnt cuir chuige agus modhanna oibre sóisialta agus síceolaíochta inár gcuid oibre. Cuirimid tuarascálacha measúnaithe ar chiontóirí ar fáil do na Cúirteanna agus don Bhord Parúil agus déanaimid maoirseacht ar chiontóirí sa phobal atá faoi mhaoirseacht atá ordaithe ag an gCúirt agus orthu sin atá ar luathscaoileadh maoirsithe ó phríosún/ó choinneáil ('parúl') chun an riosca go n-athchiontóidh siad a laghdú.

**ÁR gCOMHPHÁIRTITHE**

Oibrímid le roinnt gníomhaireachtaí agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe is comhpháirtithe d'fhonn ár seirbhísí a sholáthar. Íocann an tSeirbhís breis agus an ceathrú cuid dá buiséad bliantúil le heagraíochtaí pobalbhunaithe a oibríonn i gcomhpháirt leis an tSeirbhís chun oibriú le ciontóirí agus a sholáthraíonn raon seirbhísí luachmhara agus clár luachmhar a chuireann luach leis an bpróiseas maoirseachta Promhaidh.

**NA hÁITEANNA INA nOIBRÍMID**

Soláthraímid ár gcuid seirbhísí ar fud na tíre sa phobal agus i bpríosúin araon. Tá 395 ball foirne ag an tSeirbhís Phromhaidh. Cuimsíonn an figiúr sin 216 oifigeach promhaidh, a n-oibríonn 183 duine díobh i gcúirteanna agus i bpobail ar fud na tíre, agus 43 maoirseoir seirbhís pobail.

**CONAS A OIBRÍMID**

Tá ár gcuid oibre bunaithe go príomha ar luachanna oibre sóisialta. Oibrímid le ciontóirí chun dul i ngleic leis na cúiseanna lena n-iompar ciontaithe agus chun athrú a éascú. Ar na modhanna a úsáidtear tá agallóireacht spreagtha, socrú teorann, soiléiriú róil, samhaltú sóisialta, comhairleoireacht agus tacaíocht, idirghabháil géarchéime, idirghabhálacha dírithe chúraimí, ar láidreachtaí agus ar réitigh agus cineálacha cuir chuige foghlama aosaí agus oideachais. Oibríonn oifigigh le ciontóirí aonair agus tairgeann siad cláir ghrúpa agus cláir atá bunaithe ar an teaghlach mar chuid de phlean struchtúrtha cásbhainistíochta.

# CÉARD A DHÉANAIMID:
## OBAIR NA SEIRBHÍSE PROMHAIDH

Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais í an tSeirbhís Phromhaidh, agus í tiomanta d'oibriú ar son pobail níos sábháilte agus líon níos lú íospartach trí athshlánú ciontóirí.

Is eagraíocht sinn ar a bhfuil sainchúram náisiúnta arb é atá ina ról cur le sábháilteacht an phobail trí smachtbhannaí pobail agus bhearta pobail a bhainistiú. Bainimid é sin amach trí mheasúnú éifeachtach agus bhainistiú éifeachtach a dhéanamh ar chiontóirí agus trí oibriú go dlúth le raon leathan eagraíochtaí reachtúla, pobail agus deonacha lenár gcuid seirbhísí a sholáthar.

Chomh maith leis sin, imrímid ról tábhachtach in athimeascadh iarchiontóirí a éascú agus i gcabhair a thabhairt dóibh lena bpatrún iompair chiontaithe a shárú. Bainimid é sin amach trí mhaoirseacht agus trí idirghabhálacha struchtúrtha.

Cuirimid le hÉirinn níos sábháilte agus níos cothroime a chruthú ach:

- *A chinntiú go gcuirtear maoirseacht atá ordaithe ag an gCúirt chun feidhme*
- *An dóchúlacht go n-athchiontóidh duine agus an baol go ndéanfar dochar don phobal a laghdú*
- *Leorghníomh a dhéanamh as an dochar a dhéanann coireacht (cúiteamh agus ceartas aisiríoch)*

**Dhéileáil an tSeirbhís Phromhaidh le breis agus 15,000 ciontóir sa Phobal in 2014**

Tá miondealú mionsonraithe ar shonraí staitistiúla ar fáil sna haguisíní ag deireadh an doiciméid seo.



Is iad seo na príomhréimsí ina soláthraíonn an tSeirbhís Phromhaidh seirbhísí:

- Maoirseacht ar Chiontóirí agus Bainistíocht Pianbhreithe;
- Seirbhís Pobail agus Filleadh ar an bPobal;
- Promhadh Daoine Óga (YPP);
- Tionscnaimh Chomhpháirtithe Pobail, (lena n-áirítear Eagraíochtaí Pobalbhunaithe a bhfuil cistiú á fháil acu).

**FÍRIC GHASTA**
**Tá láithreacht ag an tSeirbhís Phromhaidh i ngach contae agus i ngach príosún agus ionad coinneála.**

FACT

Tagann obair na Seirbhíse Promhaidh faoi dhá chatagóir den chuid is mó:

**Measúnú:** Cuireann Oifigigh Phromhaidh tuarascálacha measúnaithe ar chiontóirí ar fáil do na Cúirteanna, don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, don Bhord Parúil agus do chomhlachtaí cuí eile de réir mar is gá. Cuireann na tuarascálacha sin, bunaithe ar ionstraimí cruthaithe measúnú riosca, le cinntí níos eolasaí ar phianbhreitheanna agus ar bhainistíocht ciontóirí i gcásanna cuí. Déantar measúnú sna tuarascálacha ar a oiriúnaí atá ciontóir do smachtbhanna pobail agus ar cheisteanna a bhaineann le ciontú a laghdú.

**Maoirseacht:** Sa chás go gcuirtear duine faoi mhaoirseacht na Seirbhíse Promhaidh leis an gCúirt, déanann an tOifigeach Promhaidh maoirseachta measúnú críochnúil ar rioscaí agus riachtanais a bhaineann le cionta. Cuireann an tOifigeach Plean Cásbhainistíochta i bhfeidhm i gcomhar leis an gciontóir agus le duine ar bith eile a bhaineann leis an gcás. Beidh sé mar aidhm aige sin cabhrú leis an gciontóir aghaidh a thabhairt ar aon fhadhbanna a bhaineann le ciontú. Agus plean aonair á chur chun feidhme, ní mór an cúnamh sin a chothromú le leibhéal rialaithe cuí atá ábhartha don riosca measúnaithe go ndéanfadh an duine dochar don phobal.

# NA DAOINE A nOIBRÍMID LEO:

## ÁR gCUID OIBRE LE CIONTÓIRÍ, LE POBAIL AGUS LE hÍOSPARTAIGH NA COIREACHTA IN 2014

### OIBRIÚ LE CIONTÓIRÍ

Leanamar de dhíriú inár gcuid oibre in 2014 ar athshlánú agus athimeascadh ciontóirí chun athrú dearfach a chur chun cinn.

Le linn na bliana, lean an tSeirbhís ar aghaidh ag cur tuarascálacha measúnaithe ar fáil do na Cúirteanna agus don Bhord Parúil agus ag déanamh maoirseacht ar dhaoine sa phobal atá faoi mhaoirseacht atá ordaithe ag an gCúirt agus ar luathscaoileadh maoirsithe ó choimeád.

**Cuireadh beagnach 10,000 Tuarascáil Promhaidh (Réamh-Smachtbhanna) i gcrích in 2014**

Tá miondealú mionsonraithe ar shonraí staitistiúla ar fáil sna haguisíní ag deireadh an doiciméid seo.



### MEASÚNÚ AR CHIONTÓIRÍ

Tá measúnú ar chiontóirí mar bhonn agus thaca ag obair na Seirbhíse. Déanann sé eolas do bhreitheanna pianbhreithe agus don dóigh a n-oibrímid le ciontóirí chun athrú a chur chun cinn.

Baineann Oifigigh Phromhaidh úsáid as raon leathan ionstraimí cruthaithe agus bailíochtaithe measúnú riosca agus measúnú á dhéanamh acu ar chiontóirí. Cuireann na hionstraimí measúnú riosca sin, i gcomhar le hoiliúint an oifigigh in obair shóisialta, ar chumas oifigeach a oiriúnaí atá ciontóirí do thabhairt faoi smachtbhanna pobail a mheas.

Cabhraíonn na hionstraimí leo riachtanais chiontóirí a bhaineann leis na nithe seo a mheasúnú freisin: ciontú, an baol go ndéanfaidh siad athchiontú ginearálta agus an baol go ndéanfaidh siad dochar don phobal sa todhchaí.

Déantar roinnt de na hionstraimí a cheapadh agus a úsáid le haghaidh catagóirí sonracha ciontóirí agus cionta, lena n-áirítear daoine óga, ciontóirí gnéis agus foréigean baile.



***TIONSCNAIMH NUA IN 2014***

**Measúnú ar Chiontóirí**

Tuarascálacha aon lae a bhí i **33%** de thuarascálacha Seirbhís Pobail na Cúirte Dúiche. Agus forbairt á déanamh ar thionscnamh na dtuarascálacha *Seirbhís Pobail Aon Lae*, leathnaíomar an tseirbhís le go gcuirfí Achomhairc chuig an gCúirt Chuarda ann. Tá tionscnamh na tuarascálacha seirbhís pobail aon lae ina chúis le laghdú ar an am atá á thógáil chun na cásanna sin a phróiseáil, rud a chabhraíonn le ceartas níos tapa agus coigiltí móra costais a sholáthar.



***TIONSCNAIMH NUA IN 2014***

**Dearbhú Cáilíochta**

Tá an tSeirbhís bródúil as a tiomantas do shármhaitheas i ngach ceann de na seirbhísí a chuirimid ar fáil.

Léiríodh an tiomantas sin tuilleadh in 2014 nuair a cuireadh socruithe nua agus feabhsaithe chun feidhme ar fhoirne measúnaithe ar chiontóirí i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh.

Dhírigh an tionscnamh ar amlínte agus cháilíocht ár dtuarascálacha scríofa agus taispeánann sé treallús na Seirbhíse dár gcuid oibre a athbhreithniú agus a fheabhsú ar bhonn leanúnach le go bhfuilimid ar thús cadhnaíochta i gcleachtas promhaidh.

## MAOIRSEACHT AR CHIONTÓIRÍ

Is é Maoirseacht agus Bainistíocht Ciontóirí an creat a mbaineann an tSeirbhís úsáid as chun idirghabhálacha a sholáthar le haghaidh athrú dearfach i gciontóirí a chur chun cinn. Is simplí atá aidhm ár gcuid oibre: is é sin, iarchiontóir agus, sa deireadh, ball sóisialta den tsochaí a dhéanamh de chiontóir.



Tar éis measúnú tosaigh a chur i gcrích, sanntar Oifigeach Promhaidh do chiontóirí a chuirtear ar maoirseacht. Oibríonn an tOifigeach Promhaidh leo chun dul i ngleic leis na fadhbanna bunúsacha a bhaineann lena n-iompar ciontaithe. Ag an am céanna, déanann an t-oifigeach maoirseacht agus faireachán ar an gciontóir chun a chinntiú go staonann siad ó chiontú ina dhiaidh sin. Déantar an mhaoirseacht sin ar bhealach struchtúrtha atá bunaithe ar phlean cuimsitheach cásbhainistíochta a comhaontaíodh leis an gciontóir.

Le linn na hoibre sin, déanann an t-oifigeach scrúdú agus anailís ar na tosca go léir a chuireann leis an iompar ciontaithe. De ghnáth, ní minic a bhíonn cúis ar leith amháin le ciontú. Is minice a bhíonn roinnt gnéithe a thagann le chéile ann a threoraíonn daoine i dtreo na coiriúlachta. Oibríonn ár gcuid oifigeach leis na gnéithe sin a aimsiú agus le díriú nua a thabhairt do chiontóirí amach ó na bealaí frithshóisialta sin.

Agus iad ag baint leas as an oiliúint a fuair siad in obair shóisialta, oibríonn ár gcuid oifigeach le ciontóirí laistigh de chreat struchtúrtha chun staonadh a chur ar aghaidh agus athchiontú a laghdú. Baineann oifigigh úsáid as roinnt mhaith uirlisí chun an sprioc sin a bhaint amach. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas bheith i gceist leo: an ciontóir a atreorú chuig sainseirbhísí amhail cláir chóireála drugaí, chuig cláir spriocdhírithe atá forbartha ag an tSeirbhís a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar na tosca sonracha a chuireann le hiompar ciontaithe.

In 2014, leathnaíomar raon na n-idirghabhálacha sin atá ar fáil don fhoireann. Ba é an ceann ba shuntasaí díobh an chéad mhodúl den chlár (aonair) nua Choice and Challenge a triaileadh, a measadh, a foilsíodh agus a seoladh sa bhliain.




Is é is Choice and Challenge ann ná príomh-idirghabháil phromhaidh a neartaíonn ár n-acmhainn chun cabhrú le ciontóirí staonadh ón gcoireacht. Cabhraíonn an clár le ciontóirí tuairimí agus dearcthaí diúltacha a cheistiú, spreagann sé forbairt dearcthaí agus iompraíochtaí sóisialta agus tugann sé cabhair dóibh modhanna dearfacha réitigh fadhbanna a úsáid. Tá cur chun feidhme náisiúnta an chláir 'aonair' Choice and Challenge ar bun.



**Sa phictiúr thuas:** Elaine Murphy, Lorraine Kelly agus Nick Clarke (Oifigigh Phromhaidh) le roinnt de na rannpháirtithe grúpa in Choice and Challenge i dTamhlacht.

Tá sé aitheanta go leathan gur toisc mhór a chuireann le hiompar ciontaithe í mí-úsáid drugaí agus alcóil. Sna staidéir a rinne an tSeirbhís Phromhaidh ar Mhí-Úsáid Drugaí agus Alcóil a foilsíodh in 2012 agus in 2013, scrúdaíodh mí-úsáid drugaí agus alcóil i measc ciontóirí faoi mhaoirseacht phromhaidh agus leagadh béim ar an méid a chuireann an mhí-úsáid sin le hiompar ciontaithe agus le coiriúlacht ina dhiaidh sin agus ar an tionchar a bhíonn aici orthu sin.

Mar fhreagairt don chaidreamh sainaitheanta idir mí-úsáid substaintí agus ciontú, d'fhorbair Aonad na Seirbhíse um Fhorbairt Clár clár um Fheasacht ar Alcól lena úsáid ag an tSeirbhís agus ag na hEagraíochtaí Pobalbhunaithe is comhpháirtithe atá á gcistiú againn.

Triaileadh an clár sin um fheasacht ar alcól i Samhradh na bliana 2014 agus measadh é ina dhiaidh sin. Rinne an tSeirbhís é a thabhairt chun críche agus a fhormheas i mí na Nollag 2014 agus beidh sé ar an gclár caighdeánach alcóil lena sholáthar ar fud na tíre.

Chomh maith leis sin, d'fheabhsaigh an clár acmhainn na Seirbhíse chun freastal ar an ngá atá ag na Cúirteanna le cláir a chabhróidh le daoine breithniú agus machnamh a dhéanamh ar an ról a d'imir alcól ina gciontú. Tugann sé rogha eile do na Cúirteanna freisin maidir le déileáil le cionta nach bhfuil chomh tromchúiseach a raibh alcól ina ghné díobh.

Is minic a bhíonn smacht ar mhianta, agus láimhseáil feirge go háirithe, ina n-eochairthosca d'iompar ciontaithe. I gcomhar le hAireacht Ceartais na Rómáine agus le hAireacht Ceartais na hIodáile, rinne an tSeirbhís Phromhaidh, arna cistiú ag an gCoimisiún Eorpach, comhoibriú san I-Map (an Clár Aonair chun Fearg a Láimhseáil) a fhorbairt.

> "Mura sriantar é, is minice a dhéanann fearg níos mó dochair dúinn ná an gortú a spreagann í."
>
> Lucius Annaeus Seneca

An clár aonair naoi seisiún sin, a bhí bunaithe ar phrionsabail iompraíochta cognaíche, rinne ochtar ball foirne oilte é a thriail in Éirinn ar dtús. Chabhraigh na baill foirne sin leis an bpróiseas um oiliúint i soláthar an chláir d'Oifigigh Phromhaidh atá ag oibriú i bpobail ar fud na tíre a chur i bhfeidhm.

Ról de chuid na Seirbhíse nach smaoinítear air go minic is ea an obair a dhéanaimid le daoine ar gearradh príosúnacht saoil orthu. Oibríonn ár gcuid oifigeach leo agus iad faoi choimeád agus déanann siad maoirseacht orthu sa phobal agus iad scaoilte.

De bharr an fháis ar líon na gciontóirí sin agus an mhéadaithe ar an meánfhad ama a chaitheann 'príosúnaigh faoi phianbhreith saoil' faoi choimeád, tugadh spreagadh don tSeirbhís, trína hAonad um Fhorbairt Clár, athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir éagsúla atá in úsáid ag baill foirne Phromhaidh a oibríonn i bpríosúin agus a sholáthraítear go háitiúil.

In 2014, ba é sin ba chúis le cur i gcrích an chláir um Maireachtáil le Pianbhreith Saoil. Is clár tosaigh ar leibhéal iontrála é a chabhraíonn le príosúnaigh ar gearradh príosúnacht saoil orthu sa phróiseas um pleananna bainistíochta pianbhreithe coimeádta a chomhlánú.

Díríonn an clár um Maireachtáil le Pianbhreith Saoil ar acmhainn inmheánach ciontóirí a bhaint amach ach glacadh le freagracht as gníomhartha san am atá thart agus as roghanna reatha.

**FÍRIC GHASTA**
**Tá príosúnaigh faoi phianbhreith saoil faoi réir Maoirseacht Phromhaidh agus iad scaoilte. Maireann an mhaoirseacht sin an chuid eile dá saol.**

FACT

**In 2014, rinne an tSeirbhís Phromhaidh maoirseacht ar 73 príosúnach faoi phianbhreith saoil sa phobal**

Tá miondealú mionsonraithe ar shonraí staitistiúla ar fáil sna haguisíní ag deireadh an doiciméid seo.



**TIONSCNAIMH NUA IN 2014**

## Caighdeáin Seirbhíse a Fhorbairt

In 2014, chuir an tSeirbhís tús le tionscadal Dearbhú Cáilíochta, Caighdeán agus Cigireachta arb é is aidhm dó a chinntiú go leanann an tSeirbhís de na leibhéil seirbhíse gairmiúla is airde a chomhlíonadh. Rinneadh an chéad ghrúpa d'ocht gcaighdeán a fhorbairt agus a eisiúint sa ráithe dheiridh den bhliain 2014. Is éard atá sna *Caighdeáin* ná ráitis chomhaire shimplí faoi riachtanais Seirbhíse sna réimsí sonracha cleachtais lena mbaineann agus comhlánaíonn siad socruithe reatha faireacháin agus tuairiscithe laistigh den tSeirbhís.

Bearta tábhachtacha san fhorbairt atá á déanamh ag an tSeirbhís Phromhaidh ar phróiseas láidir iontaofa Dearbhú Cáilíochta agus Forbartha atá san fhorbairt ar phróiseas Caighdeán agus Cigireachta. Cuirfidh Dearbhú Cáilíochta le feidhmíocht fheabhsaithe a fhorbairt ar fud na réimsí go léir d'obair na Seirbhíse agus le torthaí níos fearr do na cliaint agus na geallsealbhóirí eile go léir atá ag oibriú leis an tSeirbhís. Chomh maith leis sin, cuirfidh sé le tacaíocht níos fearr agus níos comhsheasmhaí do bhaill foirne a sholáthraíonn seirbhísí duine le duine.



**TIONSCNAIMH NUA IN 2014**

## Éifeachtacht a Mhéadú trí Chomhroinnt Faisnéise

In 2014, cuireadh tús le hobair ar phrótacal foirmiúil a fhorbairt idir an tSeirbhís Phromhaidh agus an Roinn Coimirce Sóisialaí chun bainistiú níos éifeachtúla a dhéanamh ar conas a chomhlíonann ciontóirí na hOrduithe Seirbhís Pobail.

Leis an bprótacal, atá le teacht i bhfeidhm go luath sa bhliain 2015, cuirfear ar chumas Oifigeach Promhaidh, agus iarratais ar thoghairmeacha nó ar bharántais á ndéanamh acu, sonraí cruinne seolta le haghaidh cliaint a chur ar fáil do na Gardaí agus don Chúirt ach an seoladh ag a bhfaigheann an cliant íocaíocht Stáit, i gcás inarb infheidhme, a dheimhniú.


Déanfaidh foireann Seirbhís Pobail Bhaile Átha Cliath an prótacal a thriail ar dtús sa chéad ráithe den bhliain 2015 d'fhonn tosú ar chur i bhfeidhm náisiúnta níos moille sa bhliain sin.

# In 2014 ...

**Dhéileáil an tSeirbhís Phromhaidh le breis agus 15,000 ciontóir sa phobal agus fuair sí 8,482 atreorú nua Cúirte do 7,416 duine.**

**Cuireadh breis agus 12,000 tuarascáil i gcrích agus rinne na Cúirteanna 7,092 Ordú le haghaidh mhaoirseacht na Seirbhíse Promhaidh.**

Tá miondealú mionsonraithe ar shonraí staitistiúla ar fáil sna haguisíní ag deireadh an doiciméid seo.



# ÁR gCUID OIBRE LE COMHPHÁIRTITHE:

## OIBRIÚ LENÁR gCOMHPHÁIRTITHE CHUN SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHAR

Tá riachtanais chasta ag an-chuid dár n-úsáideoirí seirbhíse. Áirítear leo fadhbanna andúile agus meabhairshláinte, easpa dídine agus míbhuntáiste sóisialta. Aithníonn an tSeirbhís nach féidir léi aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin go léir ina haonar. Teastaíonn cur chuige ilghnéitheach ceangailte.

Gné thábhachtach den dóigh a n-oibríonn an tSeirbhís is ea a comhpháirtíocht agus a comhoibriú le seirbhísí eile ceartais choiriúil amhail an tSeirbhís Chúirteanna, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Garda Síochána mar aon le seirbhísí reachtúla agus deonacha eile agus an pobal.



**Sa phictiúr thuas:** Vivien Geiran, Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh, John Twomey, Coimisinéir Cúnta an Gharda Síochána, Michael Donnellan, Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, ag síniú Prótacal Freagartha Comhghníomhaireachta ar Choireacht.




D'oibrigh an tSeirbhís lenár gcomhpháirtithe i Seirbhís Phríosúin na hÉireann chun straitéis chuimsitheach do bhanchiontóirí a fhorbairt. Chuir an cur chuige straitéiseach ceangailte sin, a seoladh i mí an Mhárta 2014, ar ár gcumas cleachtas lena dtugtar aird ar inscne, cineálacha cuir chuige oiriúnaithe maidir le measúnú agus maoirseacht a dhéanamh ar bhanchiontóirí agus cláir atá sonrach do mhná, amhail obair Seirbhís Pobail, a fhorbairt.

**In 2014, mná a bhí i 14.8% d'atreoruithe nua chuig an tSeirbhís Phromhaidh.**

Tá miondealú mionsonraithe ar shonraí staitistiúla ar fáil sna haguisíní ag deireadh an doiciméid seo.



### Obair ildisciplíneach le Ciontóirí Gnéis

Bunaíodh Seirbhís Tacaíochta Comhlúthaí Foothold in 2012 chun diantacaíocht duine le duine a chur ar fáil do chiontóirí ardriosca agus ardriachtanais a dteastaíonn tacaíocht uathu chun athimeascadh sa phobal tar éis a scaoilte ó phríosún. Is é is aidhm do Sheirbhís Tacaíochta Comhlúthaí Foothold laghdú a dhéanamh ar an mbaol a bhaineann le daoine aonair ach cabhrú leo dul i dteagmháil leis an tsochaí ar bhealach cuiditheach agus a fhoghlaim conas is féidir leo maireachtáil go neamhspleách agus a n-iompar a choinneáil faoi smacht gan aon dochar breise a dhéanamh. Chuir an tSeirbhís Phromhaidh cistiú ar fáil do Foothold le linn 2014, agus é faoi bhainistíocht PACE (ar Eagraíocht Phobalbhunaithe í).

Ní ghlacann Tionscadal Foothold ach le hatreoruithe ó Oifigigh Phromhaidh. Nuair is féidir, ba cheart atreoruithe a chur i gcrích sé mhí ar a laghad roimh dháta scaoilte an duine le gur féidir le Foothold a mhéid oibre is féidir a dhéanamh roimh scaoileadh. Socraítear measúnuithe roimh an scaoileadh ó phríosún. Ní mór gach atreorú a bheith faoi mhaoirseacht ghníomhach na Seirbhíse Promhaidh agus beidh siad faoi réir ceanglas chun fógra a thabhairt don Gharda Síochána.

Oibríonn an tSeirbhís Tacaíochta seo mar chuid de chur chuige ildisciplíneach maidir le bainistíocht daoine a ciontaíodh in iompar gnéasach dochrach.

### Cé dó a gcuirtear an tseirbhís ar fáil?

Tá riachtanais chruthaithe ag gach atreorú sna réimsí um meabhairshláinte, andúil, easpa dídine agus aonrú sóisialta a bhainfidh leas as seirbhís diantacaíochta duine le duine a bheith á cur ar fáil. Ní oireann an tseirbhís do chách agus, sa chás gur mó go mór an leibhéal riosca ná an leibhéal riachtanais, is féidir nach mbeidh Foothold ábalta oibriú leis an gcliant.

## Freagairtí comhpháirtíochta do riachtanais Bhanchiontóirí

### Osclaíodh ionad Abigail do mhná

Cuireann Ionad Abigail do Mhná cóiríocht faoi thacaíocht agus raon leathan seirbhísí ar fáil do mhná leochaileacha. Áirítear leo sin seirbhísí tithíochta agus gaolmhara faoi thacaíocht a fholaíonn saoráidí agus seirbhísí cónaithe, oideachasúla agus teiripeacha mar roghanna eile ar choimeád.

Tá raon gníomhaireachtaí bainteach leis an tionscnamh, lena n-áirítear Feidhmeannacht Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an tSeirbhís Phromhaidh, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá an t-ionad á reáchtáil ag dhá eochairghníomhaireacht, is iad sin, De Paul Éireann agus Novas Éireann.

Rinne conraitheoir obair thógála ar an ionad agus rinne rannpháirtithe Seirbhís Pobail an bhailchríoch inmheánach. Áiríodh leis an ionchur suntasach sin a chinntiú go bhfuil na síleálacha dódhíonach agus doirse, ballaí agus cláir sciorta a ghreanáil agus a phéinteáil. Fuair rannpháirtithe sa tionscadal oiliúint Pas Shábháilte a chabhróidh leo agus iad ag iarraidh fostaíocht a fháil agus a bheith ina mbaill shóisialta dá bpobal.

Tús Nua (De Paul), ar tionscadal é atá á chistiú ag an tSeirbhís Phromhaidh agus a oibríonn le mná atá ag fágáil príosúin nó atá faoi mhaoirseacht phromhaidh, d'athshuigh sé chuig an Ionad, rud a mhéadaigh a n-acmhainn chóiríochta go 15 bhean. Chomh maith leis sin, is as an Ionad a oibreoidh Novas Éireann a aonad le haghaidh 40 bean, a leithdháiltear a n-áiteanna trí aonad socrúcháin lárnach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Comhshuitear an dá aonad ar an aon suíomh amháin i bhfoirgnimh thadhlacha agus tá deiseanna acu acmhainní a chomhroinnt agus a bhféiniúlacht féin á coimeád.

Imreoidh an t-ionad ról suntasach i bhfreastal ar riachtanais an chliantghrúpa sin agus leanfaidh sé freisin de thacaíocht a thabhairt don tSeirbhís Phromhaidh inár gcuid oibre le banchiontóirí. Forbairt lena mbaineann tábhacht ar leith í seo maidir le comhstraitéis Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus na Seirbhíse Promhaidh agus cuirfidh sí le saol feabhsaithe agus le torthaí feabhsaithe do mhná.









**Thuas:** Rannpháirtithe Seirbhís Pobail ag oibriú ar Ionad Abigail do Mhná, Fionnghlas, agus íomhánna den Ionad ar a chur i gcrích.

## Freagairtí le haghaidh Ciontóirí gan Dídean



Tá an tSeirbhís Phromhaidh ina ball reachtúil de na naoi bhFóram Chomhairleacha Easpa Dídine Réigiúnacha agus oibríonn sí laistigh den struchtúr sin chun a chinntiú go dtugtar aghaidh ar na riachtanais atá ag cliaint gan dídean de chuid na Seirbhíse Promhaidh. Díríonn an tSeirbhís ar oibriú le Gníomhaireachtaí is Comhpháirtithe chun riachtanais chóiríochta agus athlonnaithe na gciontóirí a éascú i soláthar seirbhíse príomhshrutha. Cuirimid cabhair ar fáil do chiontóirí faoi mhaoirseacht phromhaidh chun riachtanais agus seirbhísí rochtana a shainaithint, rud a d'fhéadfadh cóiríocht a fholú.

Le linn 2014, chuir an tSeirbhís cistiú ar fáil do roinnt Eagraíochtaí Pobalbhunaithe a oibríonn sa réimse seo. Tugann eagraíocht amháin díobh sin, is é sin, PACE, tacaíocht do dhaoine tríd an trasdul ó phríosún go dtí an pobal agus cabhraíonn sé leo a nós ciontaithe a shárú. Cuireann seirbhísí cónaithe PACE cóiríocht faoi thacaíocht ar fáil ar bhonn gearrthéarmach d'fhir gan dídean atá ag fágáil príosúin. Chomh maith leis sin, cuireann PACE cóiríocht fhadtéarmach ísealtacaíochta ar fáil do líon beag ciontóirí. De bhreis air sin, cuireann an tSeirbhís Phromhaidh cistiú ar fáil chun tacú leis an athlonnú éifeachtach banchiontóirí trí bhíthin Tús Nua (De Paul). Is tionscadal é atá á chistiú ag an tSeirbhís Phromhaidh a oibríonn le mná atá ag fágáil príosúin nó atá faoi mhaoirseacht phromhaidh.

Ag eascairt as an bplean forfheidhmithe um fhreagairt an Stáit d'easpa dídine, tugadh gealltanas go gceapfaí ainmní ó Údaráis Tithíochta Bhaile Átha Cliath chuig an Oifig Náisiúnta um Measúnú Riosca agus Bainistíocht Ciontóirí Gnéis (SORAM) agus go gceapfaí ionadaí ó áit lasmuigh de Bhaile Átha Cliath chun páirt a ghlacadh sa Choiste Stiúrtha Náisiúnta. Neartóidh sé sin teagmháil idir na grúpaí ilghníomhaireachta éagsúla, grúpaí a chuimsíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Phromhaidh agus TUSLA.



## Dul i nGleic le hIompar Ciontaithe Ilghníomhaigh

Is é is aidhm don Straitéis Freagartha Comhghníomhaireachta ar Choireacht a comhaontaíodh idir an tSeirbhís Phromhaidh, an Garda Síochána agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann i mí na Samhna 2014:

- Cur chuige ilghníomhaireachta maidir le coireacht a bhainistiú a fhorbairt agus a neartú tuilleadh.
- Ciontóirí a chur in ord tosaíochta chun tionscnaimh a fhorbairt a thabharfaidh aghaidh ar a n-iompar.
- Coireacht a laghdú agus sábháilteacht an phobail a mhéadú i bpobail áitiúla.

Ar aon dul leis an Straitéis chomhaontaithe, cuireadh tús le trí thionscnamh thábhachtacha chun dul i ngleic le hiompar ciontóirí ilghníomhacha sainaitheanta:

***1. Tionscnamh Roghnach Bhaile Munna:***
Spriocdhíreoidh an tionscnamh nua seo ar na daoine sin is cúis le hardleibhéal dochair nó cur isteach do limistéar sainithe i mBaile Munna Thoir. Tabharfaidh sé spreagadh dóibh staonadh ón gcoireacht agus ligean do ghníomhaireachtaí áitiúla freastal ar a gcuid riachtanas, sin nó beidh orthu cur suas le leibhéal cuí idirghabhála atá riachtanach chun cur isteach ar a stíl mhaireachtála choiriúil. Féachfaidh an treoirthionscadal seo le dul i ngleic le hiompar ciontaithe líon beag daoine áitiúla, iompar atá ag dul i bhfeidhm ar bhraistint sábháilteachta pobail an phobail. Oibreoidh an Garda Síochána, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh go dlúth le gníomhaireachtaí pobail chun dul i ngleic leis na rudaí a fhéadann a bheith ina chúis le ciontú.

**2. *An Clár Roghnach Change Works:*** faoi láthair, tá an tSeirbhís, i gcomhar leis an Tionscadal Droichid, ag tionscnamh an chláir Change Works lena spriocdhírítear ar chiontóirí foréigneacha a measadh gur dóigh dóibh mórdhochar a dhéanamh.

***3. Clár Roghnach ACER:*** is cur chuige ilghníomhaireachta é maidir le bainistíocht ciontóirí sainaitheanta a cúisíodh i mbuirgléireacht.

## Oibriú le Ciontóirí Óga

Le linn 2014, lean Promhadh Daoine Óga (YPP) d'idirghabhálacha oiriúnaithe iomlánaíocha a sholáthar do dhaoine óga ar atreoraigh na Cúirteanna Leanaí iad chuig an tSeirbhís Phromhaidh.

Tá teagmháil ghníomhach le teaghlaigh mar bhonn agus thaca ag ár gcuid oibre le daoine óga. Áiríodh leis sin tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí rochtain a fháil ar chláir thuismitheoireachta éagsúla amhail *Teaghlaigh a Neartú* agus cláir lena dtugtar aghaidh ar *Fhoréigean Leanaí in aghaidh Tuismitheoirí.*




In 2014, leanamar d'oibriú go dlúth le Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus le Seirbhís Ceartas Óige na hÉireann chun an trasdul daoine óga ó phríosúin chuig scoileanna Coinneála do Leanaí a éascú.

**Meantóireacht:**

In 2014, lean an tSeirbhís Phromhaidh den tseirbhís meantóireachta a chuireann Le Chéile (Eagraíocht Phobalbhunaithe) ar fáil a chistiú. Bunaíodh Le Chéile in 2005 chun seirbhís meantóireachta a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga idir 12 bhliain d'aois agus 18 mbliana d'aois atá páirteach i bPromhadh Daoine Óga. Ó shin i leith, mhéadaigh sé a sholáthar do dhaoine óga faoi choinneáil agus dá dteaghlach agus cuireann sé seirbhís Meantóireachta Tuismitheoirí ar fáil do thuismitheoirí daoine óga atá páirteach i bPromhadh Daoine Óga.

Ar fud na bliana 2014, chomhoibrigh an tSeirbhís go dlúth le Seirbhís Ceartas Óige na hÉireann chun dul chun cinn a dhéanamh ar chomhspriocanna a sainaithníodh sa Phlean Gníomhaíochta um Cheartas i Leith an Aosa Óig 2014-2018. Áiríodh leis sin:

- tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chláir chiontóirí fianaisebhunaithe,
- deiseanna a uasmhéadú le haghaidh comhdhálacha atá ordaithe ag an gCúirt chun an riosca go n-athchiontóidh duine a laghdú,
- na prótacail maidir le cúram le linn coimeádta agus le hiarchúram a athbhreithniú le haghaidh imeascadh daoine óga.

Bhí deiseanna againn oibriú go dlúth le gníomhaireachtaí eile ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta in 2014. D'fhreastail roinnt ball foirne YPP ar fhóram bliantúil inar dhírigh an phríomhláithreoireacht ar *Mheitheal*, atá ina Shamhail Chleachtais Náisiúnta do gach gníomhaireacht a oibríonn le Leanaí, le Daoine Óga agus lena dTeaghlach. Is é is aidhm do *Mheitheal*, atá á threorú ag TUSLA, a chinntiú gurb ar bhealach éifeachtach tráthúil a dhéantar riachtanais agus láidreachtaí leanaí agus a dteaghlaigh a shainaithint agus a thuiscint agus gur ar an mbealach sin a fhreagraítear dóibh.

Chuir an tSeirbhís páipéar i láthair dar teideal *"Narrating Desistance, Identity Change with Young People" ("Trácht ar Staonadh, Athrú Féiniúlachta le Daoine Óga")* mar chuid de thionscadal arna chistiú ag an Aontas Eorpach ar Atitimeachas Ciontóirí Óga a ndearna Aireacht Ceartais na Portaingéile óstáil air.

I mí Iúil 2014, thugamar an spreagaitheasc ag an gcomhdháil *'Child to Parent Violence: Innovations in Practice, Policy and Research' ('Foréigean Leanaí in aghaidh Tuismitheoirí: Nuálaíochtaí i gCleachtas, i mBeartas agus i dTaighde')* arna cistiú ag an AE in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. San aitheasc dar teideal "Implementing a Non-Violent Resistance Programme - Reflections on Process and Practice" ("Clár Frithbheartaíochta Neamhfhoréigneach a Chur Chun Feidhme - Machnamh ar Phróiseas agus ar Chleachtas"), cuireadh síos ar chur chun feidhme an chláir sa tSeirbhís

**Bhain 11 teaghlach leas as clár na Seirbhíse um Theaghlaigh a Neartú a soláthraíodh i gCorcaigh in 2014**



## Ár gCuid Oibre le hÍospartaigh na Coireachta

Tá an tSeirbhís Phromhaidh tiomanta do líon na n-íospartach a laghdú trí athshlánú rathúil ciontóirí. Tá ábhair imní íospartach ina gcuid lárnach dár dteagmháil le ciontóirí i dtuarascálacha réamh-phianbhreithe, i bpleananna aonair um maoirseacht ar chiontóirí, i gcláir obair ghrúpa agus san obair ar fad a bhaineann le bainistíocht riosca.

### Íospartaigh a Bhreithniú i Measúnú ar Chiontóirí

Agus measúnú á dhéanamh acu ar a oiriúnaí atá ciontóir do smachtbhanna pobail, tugann Oifigigh Phromhaidh aghaidh ar thuiscint ar an dochar a rinneadh d'íospartach aitheanta an chiona. Tugann an measúnú struchtúrtha aghaidh ar na gnéithe d'fheasacht ar an íospartach i ngach tuarascáil réamh-smachtbhanna agus breithnítear sábháilteacht íospartaigh i gcomhthéacs moltaí don Chúirt.

### Íospartaigh a Bhreithniú i Maoirseacht ar Chiontóirí

Cuid d'obair phromhaidh le roinnt mhaith blianta anuas is ea cleachtas aisiríoch. Inár gcuid oibre ar chiontóirí a mhaoirsiú, cuirimid bearta san áireamh chun feasacht ar an íospartach, tuiscint don íospartach agus cuntasacht an chiontóra a mhéadú. Áirítear leis an obair sin gnéithe sonracha de chúiteamh agus d'obair aisiríoch amhail Seirbhís Pobail, comhdhálacha teaghlaigh, idirghabháil idir an t-íospartach agus an ciontóir agus painéil phobalbhunaithe chúitimh.

Ó mhí an Mhárta 2014, d'éascaigh an tSeirbhís 477 Painéal Ceartais Aisiríoch inár gcuid oifigí i Margadh an Fhéir. Reáchtáil an tSeirbhís 36 Comhdháil Teaghlaigh freisin.

### Tuarascálacha Tionchair Íospartaigh

Comhlánaíonn an tSeirbhís Phromhaidh tuarascálacha tionchair íospartaigh ar iarratas na Cúirte i gcásanna áirithe. Agus na tuarascálacha sin á gcomhlánú aici, tugann an tSeirbhís aitheantas do riachtanais shonracha agus speisialta na n-íospartach agus féachann sí le cur ar a gcumas a gcúinsí a léiriú don Chúirt. Chomhlánaigh an tSeirbhís 53 Tuarascáil Tionchair Íospartaigh do na Cúirteanna in 2014.



### Freagairt d'Ábhair Imní Íospartach

Déanann an tSeirbhís Phromhaidh dianiarracht i gcónaí freagairt d'aon iarratais a dhéanann íospartaigh na coireachta ar fhaisnéis nó ar chúnamh ar bhealach atá pras, tuisceanach agus cabhrach.

Rinneadh tuilleadh forbairtí in 2014 maidir le freagairtí tráthúla éifeachtacha d'iarratais agus do riachtanais íospartach a sholáthar de réir ár gCairte Íospartach (2010) agus de réir Threoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (2012).

Tá Foireann um Sheirbhísí d'Íospartaigh bunaithe ag an tSeirbhís Phromhaidh. Cuimsíonn an fhoireann 5 Oifigeach Promhaidh sinsearach atá lonnaithe ar fud réigiúin gheografacha na Seirbhíse faoi stiúir an Chomhordaitheora Náisiúnta um Sheirbhísí d'Íospartaigh.

I mí Mheán Fómhair 2014, eisíodh nósanna imeachta oibriúcháin na Foirne um Sheirbhísí d'Íospartaigh chuig an bhfoireann ar fad. Sa doiciméad nós imeachta sin, leagtar amach na prionsabail a bhuntacaíonn le cleachtas, le ról na Foirne um Sheirbhísí d'Íospartaigh agus le bainistíocht na teagmhála tosaigh agus an chaidrimh thosaigh le híospartaigh.

**Déanfaidh an Fhoireann um Sheirbhísí d'Íospartaigh:**

- Pointe teagmhála aonair a chur ar fáil ar bhonn réigiúnach do na híospartaigh go léir a iarrann faisnéis nó a chuireann ábhair imní in iúl i dtaca leis an dochar a ndearnadh dóibh.
- Teagmháil a dhéanamh leis an íospartach go díreach, éisteacht le hábhair imní, freagairt go cuí agus comhairle a chur ar fáil faoi sheirbhísí ábhartha tacaíochta d'íospartaigh más gá.
- Freagairt go héifeachtach d'iarratais íospartach ar idirghabháil cheartais aisiríoch.
- A chinntiú go bhfuil faisnéis cruinn, cothrom le dáta agus ar fáil go leictreonach (suíomh Gréasáin) agus i gcóip chrua, rud a mhéadaíonn rochtain íospartach ar an tseirbhís.
- Foireann promhaidh a chur ar an eolas faoin tseirbhís ar fáil agus faoi cén áit agus cén dóigh ar féidir leo rochtain uirthi.
- Bunú agus maoirseacht a dhéanamh ar chóras cuí le haghaidh sonraí a thaifeadadh agus a bhainistiú.
- Doiciméid ábhartha bheartas seirbhíse/treoirlínte a phrofáil chun a chinntiú gur breithníodh ábhair imní íospartach agus gur tugadh aghaidh orthu istigh iontu.

## Ár gcuid oibre i bPobail

In 2014, leithdháileadh €10.7 milliún de bhuiséad foriomlán na Seirbhíse Promhaidh chun roinnt Eagraíochtaí Pobalbhunaithe ar fud na tíre a thacaíonn le hobair na Seirbhíse a chistiú. Áirítear leis na seirbhísí sin oiliúint agus oideachas, cláir bhainistíochta ciontóirí, cóiríocht chónaithe agus cláir chóireála mí-úsáid drugaí/alcóil. Is é is aidhm do gach Eagraíocht Phobalbhunaithe seirbhís a thairiscint do chiontóirí nach mbeadh in ann leas a bhaint as deis seirbhíse príomhshrutha ar shlí eile.

Baineann ríthábhacht leis na comhghuaillíochtaí straitéiseacha sin maidir lenár sprioc um thorthaí a fheabhsú d'íospartaigh agus do chiontóirí araon a bhaint amach. Gach bliain, tiomnaíonn eagraíochtaí deonacha atá ag iarraidh cistithe do raon aschur atá ar aon dul le Pleananna Straitéise agus le Pleananna Oibre na Seirbhíse Promhaidh. Tá cistiú ag brath ar chomhaontú cistithe ina leagtar amach na torthaí lena mbaint amach a bheith á shíniú ag an eagraíocht.

### Cláir Oideachais agus Athimeasctha do Chiontóirí

Tugann taighde le tuiscint gur tosca a chuireann go mór le ciontú iad eisiamh sóisialta agus easpa deise le hathrú. Eochairghné de dhul i ngleic le hiompar ciontaithe is ea athimeascadh rathúil ciontóirí agus iarphríosúnach sa phobal.

In 2014, chuir an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais cistiú ar fáil do Chumann na hÉireann um Athimeascadh Ciontóirí (IASIO) tríd an tSeirbhís Phromhaidh agus trí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Is é is an IASIO ann ná eagraíocht phobalbhunaithe náisiúnta do chiontóirí aosacha sa chóras ceartais choiriúil a dhíríonn go sonrach ar roghanna eile ar chiontú agus ar athphríosúnú. Baintear é sin amach trí sheirbhísí díreacha a chur ar fáil do chiontóirí sa phobal agus i ngach príosún in Éirinn. Is iad an dá cholún de sheirbhísí an IASIO ná tacú le cobhsaíocht is cúis le hathrú agus cabhrú le deiseanna a chruthú do chiontóirí déanamh amhlaidh. Is ionann seirbhísí an IASIO agus droichead tábhachtach idir an córas ceartais choiriúil agus an pobal.

Cuimsíonn an IASIO trí sheirbhís phríomha: an Clár Nascachta, an tSeirbhís GATE agus an tSeirbhís Athlonnaithe. Tá an Clár Nascachta ina thionscnamh náisiúnta a sholáthraíonn na seirbhísí seo d'iarchiontóirí agus do dhaoine a atreoraíodh tríd an tSeirbhís Phromhaidh: jabshocrú, taithí oibre, infhostaitheacht agus oiliúint ar an láthair oibre, oideachas, socrú printíseachta agus seirbhísí gaolmhara pobail.

Is éard atá sa tSeirbhís GATE agus sa tSeirbhís Athlonnaithe atá á gcistiú ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann ná seirbhísí uathúla príosúnbhunaithe fostaíochta 'tríd an ngeata' a chothaíonn idir athimeascadh cobhsaí agus athlonnú cobhsaí ach tacaíocht a thabhairt do phríosúnaigh sa trasdul ó phríosún go dtí an pobal.

### Cláir Chóireála agus Athshlánaithe Drugaí

Is é is Tionscadal Mhargadh an Arbhair ann ná tionscadal idirghníomhaireachta pobalbhunaithe cóireála agus athshlánaithe faoi choimirce Fhorbairt Áitiúil Loch Garman. Cuireann an tionscadal ar chumas ciontóirí agus mí-úsáideoirí substaintí aistriú chuig stíl mhaireachtála atá cobhsaí agus táirgiúil.

I mí Aibreáin 2014, sheol Tionscadal Mhargadh an Arbhair i Loch Garman clár darb ainm REFRAME (Feabhsú Athshlánaithe agus Spreagtha Dírithe ar Obair Aisiríoch). Gheobhaidh gach rannpháirtí sa chlár íocaíocht Fostaíochta Pobail le linn dóibh páirt a ghlacadh i gcláir athshlánaithe a thacaíonn lena n-aistriú amach ón gcoireacht agus ó mhí-úsáid drugaí agus alcóil. Chomh maith leis sin, glacann rannpháirtithe páirt in obair arb é is aidhm di comhar a íoc leis an bpobal, mar shampla trí pháirt a ghlacadh i mbriogáidí oibre Chomórtas na mBailte Slachtmhara mar oibrithe deonacha. Cuirfear an clár nua i bhfeidhm i mBaile Loch Garman, i nGuaire, in Inis Córthaidh agus i Ros Mhic Thriúin.

Tá Comhairle Contae Loch Garman ag cabhrú leis an tionscadal ach cuibhrinn a chur ar fáil le haghaidh na gné gairneoireachta de na cláir. Tá an tSeirbhís Fostaíochta Áitiúla ag oibriú le rannpháirtithe chun an fhéidearthacht go rachaidh siad ar aghaidh chuig breisoideachas, oiliúint agus margadh an lucht saothair a fheabhsú. Tá Campas Loch Garman d'Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach agus Forbairt Áitiúil Loch Garman ag tacú leis an gclár freisin.




**Sa phictiúr thuas:** An tAire Joan Burton TD agus Paul Delaney, Comhordaitheoir Thionscadal Mhargadh an Arbhair, i láthair ag seoladh chlár REFRAME i bPáirc an Chrócaigh i mí Aibreáin 2014.

### Cláir Mheantóireachta Ciontóirí

Baineann ríthábhacht le deiseanna le daoine óga a threorú amach ón gcoiriúlacht a chruthú agus a uasmhéadú maidir le líon na n-íospartach a laghdú agus le pobail níos sábháilte a chruthú. In 2014, lean an tSeirbhís de thionscadal meantóireachta Le Chéile a chistiú.

Is é is Le Chéile ann ná tionscadal náisiúnta a oibríonn i gcomhpháirt le rannóg na Seirbhíse Promhaidh um Promhadh Daoine Óga agus a chuireann meantóireacht ar fáil do dhaoine óga atá i dtrioblóid leis an dlí. Earcaíonn Le Chéile oibrithe deonacha ón bpobal agus tugann sé oiliúint agus tacaíocht dóibh chun gníomhú mar mheantóirí do dhaoine óga atá faoi mhaoirseacht na Seirbhíse Promhaidh.

**In 2014, chuir an tSeirbhís Phromhaidh tacaíocht chistithe ar fáil do 61 Eagraíocht Phobalbhunaithe a chuireann seirbhísí oideachais, andúile, comhairleoireachta agus cóiríochta ar fáil do chiontóirí.**

Tá liosta d'Eagraíochtaí Pobalbhunaithe a fhaigheann cistiú tríd an tSeirbhís Phromhaidh ar fáil sna haguisíní ag deireadh an doiciméid seo.






## Seirbhís Pobail

### Cúiteamh do phobail trí Sheirbhís Pobail

Ról tábhachtach de chuid an Chórais Cheartais Choiriúil is ea féachaint le haghaidh a thabhairt ar an dochar a dhéanann coireacht. Thar ceann na Roinne Dlí agus Cirt, bainistíonn an tSeirbhís Phromhaidh ciontóirí a dtugtar ordú dóibh Seirbhís Pobail a dhéanamh in ionad pianbhreith choimeádta a chaitheamh. Is le leas an phobail atá an obair a dhéantar ar Sheirbhís Pobail agus clúdaíonn sí raon leathan gníomhaíochtaí amhail baint graifítí, piocadh bruscair, tírdhreachú, etc.

Faoi threoir Maoirseoir Seirbhís Pobail, chuir foireann amháin de chliaint Seirbhís Pobail agus Filleadh ar an bPobal tús le hobair in Ionad agus Garraí Pobail Chnoc Mitin i Samhradh na bliana 2013. Leanadh de na hoibreacha ar an láithreán sin ar fud 2014 agus áiríodh leo athchóiriú iomlán ar an taobh istigh agus ar an taobh amuigh den Ionad. Is éard a bhí i gceist ansin ná obair fhairsing ullmhúcháin agus péinteáil síleálacha, ballaí, doirse agus frámaí fuinneoige.

Nuair a bhíothas ag leanúint den obair ar phéinteáil, ghlac cliaint páirt freisin i nGarraí Pobail a thógáil agus a thírdhreachú, rud a d'eascair as tiomsú airgid ar thug an tionscadal faoi. Ní hé amháin go raibh cliaint freagrach as an ngarraí a chruthú ach tochailt agus cur, rinne siad leaca pábhála a leagan agus clog gréine a chur suas freisin.

Níos déanaí fós, fuair Ionad Pobail Chnoc Mitin tuilleadh cistithe chun forbairt bhreise a dhéanamh ar an nGarraí Pobail. Tá baint rialta ag Seirbhís Pobail leis an ionad sin agus cuirfidh sí ionchur leis an limistéar garraí nua

## Tugann Coiste Bailte Slachtmhara Bhaile Átha Luan aitheantas don méid a chuir Seirbhís Pobail leis

Le déanaí, bhronn Coiste Bailte Slachtmhara Bhaile Átha Luain an dámhachtain um an gcomhpháirtíocht is fearr ar an tSeirbhís Phromhaidh le déanaí de bharr na hoibre iontaí a rinne an fhoireann seirbhís pobail i mBaile Átha Luain agus sa cheantar máguaird.



Sa phictiúr thuas: Tom Ruder, Oifigeach Promhaidh, agus Christy Haugh, Maoirseoir Seirbhís Pobail, leis an Dámhachtain um an gComhpháirtíocht is Fearr.

Tá sé léirithe go bhfuil na rannpháirtithe seirbhís pobail ag baint an-leas as an obair sin agus cuireann sí roinnt scileanna nua ar fáil dóibh freisin. Tugann sé deis don rannpháirtí an comhar a íoc leis an bpobal áitiúil chun cúiteamh as a iompar ciontaithe.

Léiríonn sé an t-ardmheas atá ag Coiste na mBailte Slachtmhara agus ag an bpobal áitiúil ar an méid a chuir an tSeirbhís Phromhaidh lena gcuid oibre iontaí.







**Sa phictiúr thuas:** Garraí Pobail Chnoc Mitin bunathraithe chun feabhais le cúnamh Seirbhís Pobail

## An Tionscadal um Fhilleadh ar an bPobal - Halla Bhaile na Sceach

I gComh-Phlean Straitéiseach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus na Seirbhíse Promhaidh 2013-2015, tugadh gealltanas go bhforbrófaí tionscadal gairneoireachta i gcomhpháirt i Halla Bhaile na Sceach, Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh.

Tá an tAonad um Fhilleadh ar an bPobal, ar aonad comhshuite é (an tSeirbhís Phromhaidh - Seirbhís Phríosúin na hÉireann), freagrach as bainistíocht an tionscadail i suíomh Halla Bhaile na Sceach, a osclaíodh in 2013. Ón uair sin i leith, bíonn thart ar 14 dhuine de phríosúnaigh iontaobhais nó de dhaoine atá páirteach i bhfilleadh ar an bpobal / i seirbhís pobail ar aon lá ar leith ag tabhairt faoi dhualgais oibre agus ag fáil oiliúna a bhaineann le gairneoireacht ar an láithreán.

Tá sé ar an aon láithreán seirbhís pobail dá chineál. Oibríonn rannpháirtithe as 3 shruth ar leith (Filleadh ar an bPobal, Seirbhís Pobail agus príosúnaigh ag caitheamh seala) i láthair amháin gach lá faoi mhaoirseacht foirne ón dá ghníomhaireacht, a oibríonn i gcomhar.

Tá ag éirí go geal leis an tionscadal ó thaobh an chúitimh atá i gceist agus na dtacar scileanna atá á bhforbairt ag na cliaint de. Tugann an tionscadal na torthaí, arb ionann iad agus 70 cliathbhosca bia gach seachtain, d'eagraíochtaí carthanachta ar chothaíomar caidreamh leo sa bhliain atá thart.

Seachadtar an bia do thithe altranais, do bhrúnna do dhaoine gan dídean, do bhrúnna, do bhrúnna bia, etc. Tá obair déanta ar an tionscadal ag breis agus 100 cliant ó osclaíodh an láithreán.







**Sa phictiúr thuas:** Tionscadal Gairneoireachta Halla Bhaile na Sceach i mBaile Átha Cliath.







**Sa phictiúr thuas:** Roinnt de na torthaí a fásadh ar Thionscadal Gairneoireachta Bhaile na Sceach.


**In 2014, rinne na Cúirteanna beagnach 2,200 Ordú Seirbhís Pobail.**

**Ordaíodh breis agus 327,000 uair d'obair Sheirbhís Pobail.**

Tá miondealú mionsonraithe ar shonraí staitistiúla ar fáil sna haguisíní ag deireadh an doiciméid seo.



In 2014, d'oibríomar le breis agus **10,000** Úsáideoir Seirbhíse gach lá,



dá raibh beagnach **9,000** duine sa phobal




Is é **€4.5 milliún*** luach barúlach na hoibre neamhíoctha don Phobal a rinneadh le Seirbhís Pobail agus Filleadh ar an bPobal in 2014.

* Bunaithe ar ráta íosphá €8.65 san uair arna mhéadú faoi na huaireanta oibre a rinneadh le Seirbhís Pobail agus Filleadh ar an bPobal.



**327,730** uair

d'obair neamhíoctha le leas an phobail curtha i gcrích ag ciontóirí ar Sheirbhís Pobail in 2014

## Ár gCuid Acmhainní a Bhainistiú

Tá an tSeirbhís Phromhaidh tiomanta d'uasmhéadú a dhéanamh ar na deiseanna atá againn soláthar seirbhíse dár gcustaiméirí go léir a fheabhsú ach ár n-acmhainn a mhéadú agus freagairt d'athruithe ar éileamh.

Le linn 2014, lean an tSeirbhís d'acmhainní a athailíniú chun soláthar seirbhíse duine le duine a uasmhéadú. Is éard a bhí i gceist ansin bainistiú réamhghníomhach a dhéanamh ar acmhainní daonna, lena n-áirítear baill foirne a ath-imlonnú d'fhonn freagairt do riachtanais athraitheacha agus do thionscnaimh nua.

Reáchtáladh comórtais le haghaidh post mar Bhainisteoirí Réigiúnacha agus mar Oifigigh Phromhaidh Shinsearacha, rud ba chúis le ceapadh beirt Bainisteoirí Réigiúnacha nua i mí Mheán Fómhair 2014 agus beirt Oifigeach Promhaidh Sinsearach i mí na Samhna agus i mí na Nollag. Earcaíodh naonúr Oifigeach Promhaidh sealadach chun bearnaí criticiúla i soláthar seirbhíse a líonadh i láithreacha tábhachtacha ar fud na tíre.

Is go seasta a chuireann an tSeirbhís Phromhaidh sláinte agus folláine na foirne ar fad chun cinn agus aithníonn sí an tábhacht a bhaineann le dea-thimpeallacht oibre a chur chun cinn do chách. Trínár *gClár Sláinte agus Folláine* leantach, leanamar d'fheasacht ar stíleanna maireachtála sláintiúla i measc na foirne a chruthú agus iad a chur chun cinn.

Tosaíocht de chuid na Seirbhíse in 2014 fós ba ea Sláinte agus Sábháilteacht ár bhfoirne a chinntiú. Bhuail ár gCoistí Sláinte agus Sábháilteachta le chéile go rialta sa bhliain agus cuirtear Sláinte agus Sábháilteacht san áireamh mar mhír éigeantach ar chlár cruinnithe le haghaidh gach cruinnithe náisiúnta, réigiúnaigh agus bainistiú foirne.

Mar chuid den bhainistiú comhordaithe ar Shláinte agus Sábháilteacht, ainmníodh na seachtainí dar tosach an 20 Bealtaine agus an 20 Deireadh Fómhair mar sheachtainí Sláinte agus Sábháilteachta de chuid na Seirbhíse. Bhí ar bhainisteoirí réigiúnacha agus ar bhainisteoirí áitiúla a chinntiú go ndearnadh gach ceanglas éigeantach, amhail aslonnuithe éigeandála agus measúnuithe riosca, a chur i gcrích/a athbhreithniú le linn na seachtainí sin.

Lean an tSeirbhís d'oibriú go dlúth leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) agus rinne sí dul chun cinn suntasach ar Chaighdeán 18001:2007 um Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde a aithnítear go hidirnáisiúnta a thabhairt isteach. In 2014, chuir an tSeirbhís tús leis an gcóras a thabhairt isteach ar bhonn treoirscéime i gcúig láithreán. Chabhraigh feachtas spriocdhírithe faisnéise leis an trasdul chuig an treoirscéim agus cuireadh seisiúin faisnéise ar siúl leis na baill foirne go léir a bhí bainteach léi. Chuir an SCA iniúchadh tosaigh i gcrích an 15 Nollaig 2014 tar éis treoirscéim rathúil. Foilseofar tuarascáil go luath in 2015.

## Forbairt Foirne

Lean an tSeirbhís Phromhaidh de chúrsaí oiliúna, de sheimineáir agus de chomhdhálacha atá ar chomhréim lenár riachtanais ghnó agus oibriúcháin a éascú.

Fuair baill foirne riaracháin oiliúint i Seirbhís do Chustaiméirí agus i nDéileáil le hIompraíocht Dhúshlánach. Rinneadh an clár deireanach a oiriúnú agus a sholáthar dár Maoirseoirí Seirbhís Pobail freisin, a fuair oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta a bhaineann lena ról.

Chuir gráid Oifigeach Promhaidh oiliúint i gcrích i sain-idirghabhálacha le ciontóirí, lena n-áirítear oibriú le foréigean teaghlaigh agus le ciontú gnéasach. Chomh maith leis sin, fuair siad oiliúint i bpríomhscileanna amhail Agallóireacht Spreagtha, Cleachtas Aisiríoch agus Íospartaigh na Coireachta a Thuiscint.

In 2014, cuireadh oiliúint in I-MAP ar fáil do bheagnach 90 ball foirne (is idirghabháil duine le duine í arb é is aidhm di forbairt a dhéanamh ar na scileanna agus na

teicnící a ligeann do dhaoine a bhfearg a láimhseáil agus a smachtú).

Ghnóthaigh naoi mball foirne dhéag Máistreacht in Obair Shóisialta agus rinneadh eagrú agus soláthar ag cruinnithe Foirne Réigiúnaí ar chlár leis an bhfoghlaim agus torthaí a dtráchtais taighde a scaipeadh.



**Thuas:** A Máistreacht á fáil ag Foireann na Seirbhíse Promhaidh ag searmanas bronnta a bhí ar siúl sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Belfield, an 4 Meán Fómhair 2014.

Ina theannta sin, lean an tSeirbhís dá dlúthchaidreamh le hInstitiúidí 3ú Leibhéal agus d’éascaigh sí 21 socrúchán cleachtais ghairmiúil do mhic léinn oibre sóisialta in 2014. Gné lárnach d’oiliúint oibre sóisialta gairmiúla iad na socrúcháin sin agus maireann siad 14 seachtaine de ghnáth. Chomh maith leis sin, thug foireann na Seirbhíse Promhaidh roinnt léachtaí do mhic léinn sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus sa Choláiste Ollscoile, Gaillimh.

## Comhdháil Foirne

I mí na Nollag 2014, chuir an tSeirbhís Phromhaidh comhdháil foirne rathúil ar siúl i dTeach Brian Stack, Coláiste Oiliúna Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, Port Laoise.   D’fhreastail grúpa ionadaíoch a chuimsíonn 150 ball foirne ar an gcomhdháil, agus iad ainmnithe ó fhoirne agus ó réigiúin ar fud na tíre, agus a chlúdaíonn raon leathan na ról ar fud na Seirbhíse.

Rinne téama na comhdhála, *Oibriú Le Chéile ar son Athrú Marthanach*, deis a chur ar fáil do bhaill foirne machnamh agus breithniú a dhéanamh ar cheisteanna tábhachtacha cleachtais ghairmiúil agus cur leis na réitigh orthu.

Ag oscailt na comhdhála dó, chuir Vivian Geiran, Stiúrthóir, béim ar an ról bunriachtanach atá le himirt ag gach ball foirne i bhfís na Seirbhíse don todhchaí a mhúnlú agus a bhaint amach:  Fís atá bunaithe ar chuntasacht, ar fheabhas, ar dheiseanna agus ar chroí-chreidiúint in acmhainn an duine le haghaidh athrú.



**Thuas:** Foireann na Seirbhíse Promhaidh ag freastal ar an gComhdháil.

Chomh maith leis sin, bhí an deis ag an bhfoireann éisteacht le beirt aoichainteoirí saineolaíocha Albanacha ar an téama um staonadh, is iad sin, an tUas. Allan Weaver, Ceann Foirne um Obair Shóisialta Cheartais Choiriúil, agus an Dr Beth Weaver, Léachtóir Sinsearach sa Roinn Oibre Sóisialta agus Beartais Shóisialta in Ollscoil Strathclyde.



**Sa phictiúr thuas:** Ita Burke, Ursula Fernée, Vivian Geiran, Allan Weaver, Beth Weaver agus Una Doyle

Fuarthas aiseolas thar a bheith dearfach ón gcomhdháil agus chabhraigh sé le baill foirne cuid d’ábhair na comhdhála a chomhtháthú isteach ina ngnáthchleachtas.  Chuir an tSeirbhís na haschuir ón gcomhdháil san áireamh sa Straitéis Seirbhíse 2015-2017 agus ina pleananna oibre ina dhiaidh sin.

## TACÚ LEIS AN OBAIR A DHÉANAIMID

Tá an tSeirbhís Phromhaidh tiomanta do na prionsabail rialachais chorparáidigh is fearr trí chleachtais dhea-shainithe agus dhea-bhainistithe chun a chinntiú go gcomhlíontar caighdeáin eiticiúla.

Táimid tiomanta do dhíriú custaiméirí ardchaighdeáin agus seirbhísí á soláthar againn. Tá Oifigeach Seirbhíse do Chustaiméirí ag an tSeirbhís a dhéanann maoirseacht ar ghearáin faoin tseirbhís do chustaiméirí. Tá sonraí faoi na beartais um sheirbhís do chustaiméirí ar fáil ar ár suíomh Gréasáin. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar na Beartais um Sheirbhís do Chustaiméirí go mall in 2014.

*In 2014, reáchtáladh breis agus 11,921 agallamh le cliaint in Oifig Mhargadh an Fhéir agus reáchtáladh breis agus 5,000 agallamh inár n-oifigí i gCorcaigh.*

## LUACH AR AIRGEAD A CHINNTIÚ

### Soláthar:

Leanann an tSeirbhís Phromhaidh de mhonatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas ceannaigh, athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais cheannaigh agus ceannach earraí agus seirbhísí a chomhdhlúthú chun luach níos fearr ar airgead a chinntiú trí na nithe seo:

- Tástáil leanúnach mhargaidh a chinntíonn laghdú ar na suimeanna a íocadh as earraí agus seirbhísí.
- Úsáid a bhaint as conarthaí a shocraigh an Oifig um Sholáthar Rialtais go lárnach, as creat-chomhaontuithe láraithe agus as socruithe tairisceana a chuir an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Gníomhaireachtaí agus Ranna eile ar fáil.
- Bainistíocht éifeachtúil a dhéanamh ar sholáthairtí oifige agus nithe intomhalta trí shocruithe bulcordaithe agus socruithe láraithe ceannaigh.

### Eastát agus Saoráidí:


Ar fud na bliana 2014, lean an tAonad Eastáit agus Saoráidí le dul i dteagmháil le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le Bainisteoirí Réigiúnacha maidir le bainistíocht eastát agus saoráidí na Seirbhíse Promhaidh sa tír.

Cuireadh tús le Céim 1 de phlean forfheidhmithe Athbhreithniú Eastáit na Seirbhíse Promhaidh agus baineadh roinnt garspriocanna móra amach in 2014, lena n-áirítear dúnadh ár n-oifigí i Sráid Parnell agus san Inbhear Mór agus comhdhlúthú ár n-oifigí sa Mhuileann gCearr agus sa Chaisleán Nua Thiar. Rinneadh socruithe freisin le haghaidh chomhdhlúthú ár bhfoirne i mBaile Átha Cliath 2, 6 agus 8 i gcóiríocht rialtais chomhroinnte i Sráid Bhaile Átha Fhirdhia, Baile Átha Cliath 8, in 2015.

### Feasacht ar Fhuinneamh

Chuir an tSeirbhís na sonraí riachtanacha uile faoi bhráid ÚFIÉ (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann). Faoi dheireadh na bliana 2013, rinneamar coigilt 4.7% bunaithe ar na sonraí a soláthraíodh agus ar bhonnlíne ó 2009. Chomh maith leis sin, chuireamar tús le plean gníomhaíochta fuinnimh agus táimid ag oibriú chun tuilleadh feabhais a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh le linn 2015. Tosóimid le hiniúchadh fuinnimh ar ár gCeanncheathrú i Margadh an Fhéir.

seai SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND



## Tionscnaimh Chomhroinnte


Tá an tSeirbhís Phromhaidh tiomanta dá chinntiú go dtapaítear gach deis le húsáid na n-acmhainní atá ar fáil a uasmhéadú. In 2014, bhain roinnt Gníomhaireachtaí Dlí agus Cirt úsáid as ár saoráidí i Margadh an Fhéir ar bhonn rialta, amhail Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe lena n-áirítear Le Chéile, an IASIO agus Seirbhísí Ceartais Aisiríoch, rud ba chúis le héifeachtúlachtaí suntasacha le haghaidh gach eagraíochta.

Chomh maith leis sin, d'éascaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann an dara comhdháil foirne bhliantúil de chuid na Seirbhíse Promhaidh ina coláiste oiliúna i dTeach Brian Stack, Port Laoise, i mí na Nollag 2014.

Rinne an tSeirbhís Phromhaidh óstáil ar roinnt seimineáir, comhdhálacha agus imeachtaí oiliúna éagsúla le linn na bliana, lena n-áirítear toscaireachtaí ón Airméin, ó Bhostún, Cuairt a thug Tionscadal Comhair Eorpach, Ceardlann Idirnáisiúnta Chumann na Croise Deirge agus seimineár an Ghrúpa Chomhairligh (Thuaidh-Theas) um Chosaint Phoiblí.

Bhí sé mar chuspóir ag cuairt staidéir na toscaireachta ón Airméin forbhreathnú a chur ar fáil don toscaireacht ar obair na Seirbhíse Promhaidh in Éirinn agus, trí dhéanamh amhlaidh, cur le forbairt cleachtas promhaidh san Airméin. Ní hé amháin go raibh ríméad ar an tSeirbhís Phromhaidh cabhrú lenár gcomhghleacaithe san Airméin trí óstáil a dhéanamh ar an gcuairt, bhí ríméad orainn freisin mar gur aithníodh Éire mar eiseamláir agus, ar go leor bealaí, mar cheannaire i bhforbairt cleachtais chomhaimseartha.

Chuimsigh an toscaireacht ionadaithe ó Bhreithiúnacht, Aireacht Ceartais agus earnáil eagraíochtaí neamhrialtasacha na hAirméine agus ionadaithe ó Chomhairle na hEorpa. Ar fud na seachtaine, labhair an toscaireacht faoi raon agus shármhaitheas na hoibre agus faoin bhfianaise ar chomhoibriú éifeachtach idirghníomhaireachta maidir le cuspóirí na Seirbhíse agus torthaí níos fearr do chiontóirí a bhaint amach.



**Thuas:** Toscairí Aireacht Ceartais na hAirméine, agus iad ar chuairt staidéir leis an tSeirbhís Phromhaidh i mí Feabhra 2014.




**Thuas:** Toscairí ag freastal ar Sheimineár an Chumainn um Thaighde agus Fhorbairt Ceartais Choiriúil (ACJRD) a ndearnadh an tSeirbhís Phromhaidh óstáil air in Oifigí Mhargadh an Fhéir i mí Aibreáin 2014.

**In 2014, d'éascaigh an tSeirbhís breis agus 65 imeacht oiliúna dár bhfoireann agus d'fhoireann ár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta.**



## Éifeachtúlacht a Mheas

Is é sprioc na Seirbhíse Promhaidh cur le pobail níos sábháilte agus líon níos lú íospartach a chruthú trí athshlánú ciontóirí. Cé go bhfuil daoine ann a n-éilíonn a gcoireanna pianbhreith choimeádta, creidimid gurb ann do roinnt mhaith cásanna nach laghdaíonn príosún an riosca go n-athchiontóidh an duine. I bhfianaise an toraidh sin ar thaighde coireolaíoch idirnáisiúnta, ní mór dúinn a thaispeáint gur dáiríre a laghdaíonn ár gcuid oibre le ciontóirí an riosca go n-athchiontóidh siad. Tá an tSeirbhís Phromhaidh tiomanta do dhéanamh amhlaidh.

## Taighde

Is eagraíocht foghlama í an tSeirbhís Phromhaidh atá tiomanta do sholáthar seirbhíse ardchaighdeáin, do chleachtas fianaisebhunaithe agus do thorthaí éifeachtacha cuntasacha. Gníomhaíochtaí tábhachtacha don tSeirbhís chun an cleachtas agus na torthaí is fearr agus is éifeachtaí ina cuid oibre a chinntiú iad meastóireacht, taighde agus dearbhú cáilíochta.

De bhreis ar staidéir agus ar athbhreithnithe inmheánacha, oibríonn an tSeirbhís Phromhaidh le hinstitiúidí acadúla, le taighdeoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le mic léinn iarchéime chun cabhair, spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do staidéir thaighde agus mheastóireachta ar réimsí sainaitheanta d'obair na Seirbhíse agus ar shonraí gaolmhara.

**Níor ciontaíodh beagnach 60% de chiontóirí faoi mhaoirseacht na Seirbhíse Promhaidh i gcion breise a rinneadh laistigh de thrí bliana tar éis ordú Promhaidh nó ordú Seirbhís Pobail a fhorchur.**

Foinse: Staidéir Atitimeachais na Seirbhíse Promhaidh



## Atitimeachas


Tá atitimeachas ar cheann de na coincheapa is bunúsaí i gceartas coiriúil. Tagraíonn sé d'athiompú an duine go hiompraíocht choiriúil tar éis smachtbhanna Cúirte a fháil nó do thabhairt faoi idirghabháil as coir a rinneadh roimhe sin. Chun éifeachtacht ár n-idirghabhálacha a thaispeáint, ní mór dúinn na rátaí atitimeachais i measc daoine a chuirtear faoinár maoirseacht a thomhas.

**FÍRIC GHASTA**

**Léiríonn ár staidéar gur laghdaigh rátaí atitimeachais de réir mar a mhéadaigh aois an chiontóra.**

**FACT**

Tá comhaontú comhar taighde bunaithe ag an tSeirbhís Phromhaidh leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (POS) agus le Seirbhís Phríosúin na hÉireann maidir le staidéir atitimeachais a ullmhú. D'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an chéad dá staidéar atitimeachais mhórscála in Éirinn in 2011 agus in 2013. Tá tuarascáil bhreise maidir le hatitimeachas á hullmhú agus foilseofar í in 2015.




**Staidéar ar Mhí-úsáid Drugaí agus Alcóil i measc Ciontóirí Óga ar Promhadh**




**An 2ú Staidéar Atitimeachais ón tSeirbhís Phromhaidh**

Tá tuarascálacha iomlána faoin dá staidéar ar fáil ar **www.probation.ie**

## FILLEADH AR AN bPOBAL: DEIS UATHÚIL

### MEASTÓIREACHT THUAIRISCIÚIL AR AN gCÉAD SÉ MHÍ IS FICHE (2011-2013)

Sheol Frances Fitzgerald TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, tuarascáil mheastóireachta faoi Chomh-Chlár na Seirbhíse Promhaidh-Sheirbhís Phríosúin na hÉireann um Fhilleadh ar an bPobal ag seimineár an Ghrúpa Chomhairligh um Chosaint Phoiblí a cuireadh ar siúl i gCeanncheathrú na Seirbhíse Promhaidh, Margadh an Fhéir, Baile Átha Cliath, Dé hAoine an 21 Samhain 2014.



Tá an clár um Fhilleadh ar an bPobal ina thionscnamh nuálach uathúil a cheanglaíonn obair neamhíoctha le leas an phobail le tacaíocht luathscaoilte agus athlonnaithe. Tá an clár ina scéim dhreasaithe le haghaidh scaoileadh maoirsithe príosúnach cáilitheach a dhéanann obair neamhíoctha don phobal mar choinníoll a luathscaoilte.

An mheastóireacht a chuir an tSeirbhís Phromhaidh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann i gcrích, bhí sí bunaithe ar eispéireas gach duine (761 duine san iomlán) a ghlac páirt sa Chlár um Fhilleadh ar an bPobal idir mí Dheireadh Fómhair 2011 agus mí na Nollag 2013, arb ionann é agus na chéad 26 mí a bhí an Clár um Fhilleadh ar an bPobal i bhfeidhm. Nuair a bhí sé á fhorbairt, níorbh fhéidir aon tionscnamh coibhéiseach ná aon tionscnamh den chineál céanna a aithint áit ar bith ar domhan agus níor tuairiscíodh ceann ar bith díobh in athbhreithnithe acadúla ná i litríocht cheartais choiriúil.

**FÍRIC GHASTA**

**Sholáthair Filleadh ar an bPobal obair neamhíoctha dar luach €1,739,135* don phobal**

*** Luach barúil (bunaithe ar ráta íosphá €8.65 san uair)**

**FACT**



**Sa phictiúr thuas:** Michael Donnellan, Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, Vivian Geiran, Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh, Frances Fitzgerald TD, An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tUas. David Ford MLA, An tAire Dlí agus Cirt do Thuaisceart Éireann.

Ag glacadh di leis an tuarascáil ó Vivian Geiran, Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh, agus Michael Donnellan, Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, dúirt an tAire Fitzgerald:

"Leagann an staidéar seo béim ar an dea-thionchar a imríonn an Clár um Fhilleadh ar an bPobal i scaoileadh struchtúrtha iarchoimeádta ar athchiontú agus athlonnú..."

"...tugann an mheastóireacht tuilleadh fianaise gur féidir le smachtbhannaí pobail maoirsithe cabhrú le hathchiontú a laghdú, le pobail a dhéanamh níos sábháilte agus, trí thacaí cuí, le ciontóirí a athimeascadh go dearfach ina bpobal."

Sa staidéar, bhí a gClár um Fhilleadh ar an bPobal curtha i gcrích go rathúil nó ar bun fós ag **89%** díobh. De na rannpháirtithe sin a scaoileadh le linn na chéad bhliana den chlár, níor cuireadh **91%** díobh i bpríosún ar phianbhreith choimeádta nua sa tréimhse go dtí deireadh na bliana 2013.

De réir ár dtaithí féin, téann a lán daoine atá ar promhadh i mbun timthriall ciontaithe toisc nach bhfuil siad in ann, nó nach bhfuil siad toilteanach, éalú as. Bíonn a lán cúiseanna casta taobh thiar de sin, mar shampla, andúil, tionchar piaraí, easpa dídine, i measc cuid mhór eile. Is féidir leis an timthriall ciontaithe sin tionchar millteach a imirt. Déanann gach coir damáiste, cruthaíonn gach coir íospartaigh agus, ar leibhéal éigin, déanann gach coir díobháil dár gcuid pobal. Oibríonn an tSeirbhís Phromhaidh le ciontóirí chun cabhrú leo éalú ón timthriall sin, rud a laghdóidh líon na n-íospartach a bheidh ann amach anseo agus a thabharfaidh cosaint don tsochaí ar an damáiste a dhéanann coireacht.

Is é an bealach is éasca le tuiscint a fháil ar an dóigh a n-oibrímid le ciontóirí ná roinnt dá scéalta a léamh:

## BARRA: TOSÚ AMACH AR DHROCHBHÓTHAR



**CABHRAÍONN PROMHADH LE BARRA DUL I nGLEIC LENA MHÍ-ÚSÁID ALCÓIL AGUS MACHNAMH A DHÉANAMH AR AN DÍOBHÁIL A RINNE A IOMPAR CIONTAITHE.**

Thosaigh Barra ag ól agus é 14 bliana d'aois. D'éirigh an fhadhb a bhí aige le halcól ní ba mheasa thar an gcéad bhliain eile, rud a chuaigh i bhfeidhm go mór ar a shaol ar scoil agus sa bhaile. Agus é 15 bliana d'aois, bhí Barra os comhair na Cúirte de bharr ionsaí gan fáth a rinne sé agus é ar meisce.

Cuireadh Barra faoi mhaoirseacht na Seirbhíse Promhaidh ar feadh tréimhse naoi mí. Faoi mhaoirseacht a Oifigigh Phromhaidh, ghlac Barra páirt in obair feasachta/oideachais alcóil agus atreoraíodh é chuig an tionscadal Meantóireachta Le Chéile. Thug Barra faoi phíosa oibre cúitimh ag an meánscoil ar ar fhreastail sé freisin.

Ba é a bhí i gceist leis sin frapaí a dhéanamh do dhráma scoile agus tabhairt faoi obair chun halla na scoile a ghlanadh, a athphéinteáil agus a ullmhú don dráma. Tharla sé go raibh ról aige sa dráma freisin. Fuair Barra tacaíocht óna mháthair agus óna Oifigeach Promhaidh agus an obair sin á déanamh aige.

Naoi mí tar éis dó teacht os comhair na Cúirte, tá Barra éirithe as an alcól le cabhair ón tSeirbhís Phromhaidh agus tá sé tiomanta dá stíl mhaireachtála a athrú agus freagracht a ghlacadh as a iompar féin.

Tráth a rinne sé an t-ionsaí, bhí Barra chomh hólta sin gur ar éigean ab fhéidir leis cuimhneamh ar an eachtra. Trína bheith ag obair lena Oifigeach Promhaidh, agus le tacaíocht óna theaghlach, is ball gníomhach dá chlub óige áitiúil é Barra anois.

An tacaíocht agus an spreagadh a fuair Barra óna Oifigeach Promhaidh agus ón gClár Meantóireachta Le Chéile, bhí siad ríthábhachtach maidir le cabhrú leis a chuid oideachais agus a shaol a chur ar ais ar an mbóthar ceart.

Léiríonn scéal Bharra gur féidir le daoine a thosaíonn amach ar dhrochbhóthar bunathrú a dhéanamh ar a saol le cabhair agus le tacaíocht ón tSeirbhís Phromhaidh. Tá seanstíl mhaireachtála Bharra taobh thiar de anois agus tá laghdú suntasach tagtha ar an mbaol go n-athchiontóidh sé. Tá Barra ar dhuine amháin de mhórán daoine a sháraigh mí-úsáid alcóil agus fadhbanna eile iompair dhiúltaigh le cabhair ón tSeirbhís Phromhaidh.

Ní scéal uathúil é scéal Bharra ach oiread. Tá alcól fós ar cheann de na mórchúiseanna le hiompar ciontaithe. Sa chás seo, tacaíodh le Barra a phobal a chúiteamh, iniúchadh agus machnamh a dhéanamh ar a úsáid alcóil agus ar a iompar ciontaithe, agus freagracht a ghlacadh as a iompar féin. Mar thoradh ar idirghabhálacha struchtúrtha, a bhí nasctha le réimsí riosca a shainaithin Oifigeach Promhaidh Bharra, bhí sé in ann tréimhse maoirseachta ar athló a chur i gcrích go rathúil.

Mar gheall gur stiúradh Barra ar shiúl ó mhí-úsáid alcóil agus ó iompar ciontaithe, bhí sé in ann a iompar a cheartú agus feabhas a chur ar a ionchais saoil, rud a gcuirfeadh tréimhse príosúnachta i mbaol, b'fhéidir.

## PÁDRAIG: MAIREACHTÁIL AR IMEALL NA SOCHAÍ



### CABHRAÍONN PROMHADH LE PÁDRAIG ATHIMEASCADH SA tSOCHAÍ

Nuair a d'fhág Pádraig an príosún, ní raibh sé in ann filleadh abhaile ar a theaghlach ná ar a sheanteach. Bhí sé gan dídean, scoite go hiomlán agus i gcathair nua nach raibh eolas ar bith aige uirthi.

Ciontaíodh Pádraig i gcionta gnéis nuair a bhí sé 61 bliain d'aois. Tar éis dó téarma suntasach a chur isteach i bpríosún, chuaigh sé isteach i maoirseacht phromhaidh iarchoimeádta ar feadh tréimhse cúig bliana. Cuireadh é ar chlár na gciontóirí gnéis ar a scaoileadh. Níl cead aige anois bheith i gcuideachta daoine faoi bhun ocht mbliana d'aois.

Níor mhian le bean chéile ná iníon Phádraig teagmháil a bheith acu leis agus ba é an t-aon rogha a bhí ar fáil aige ná bogadh go Baile Átha Cliath, áit nach raibh aon teaghlach, aon chóiríocht ná aon líonraí tacaíochta aige. Nuair nach raibh Pádraig in ann leaba a fháil i gcóiríocht éigeandála, thosaigh sé ag codladh ar na sráideanna. Tháinig dúlagar air agus thosaigh sé ag ól go trom, agus é ag éirí níos scoite i gcónaí. Ní raibh aon teaghlach ná aon chairde aige arbh fhéidir leis dul ina muinín agus bhíodh eagla air i gcónaí go n-aithneofaí é. Bagraíodh air roimhe sin nuair a aithníodh é ar an tsráid.

Féachann Foireann na Seirbhíse Promhaidh do Chiontóirí gan Dídean le cabhair a thabhairt do dhaoine i gcásanna den sórt sin. Ba é an chéad sprioc a bhí acu sa chás seo cabhrú le Pádraig cóiríocht a fháil. D'éirigh le hOifigeach Promhaidh Phádraig brú a fháil dó. Nuair a bhíodh air an brú a fhágáil le linn an lae, áfach, bhíodh Pádraig ní ba scoite i gcónaí agus shiúladh sé feadh na sráideanna go seachránach. Mar thoradh air sin, tháinig an-mheath ar a riocht fisiciúil agus meabhrach. Chaill Pádraig gach dóchas a bhí aige agus d'éirigh sé féinmharfach.

Mhol Oifigeach Promhaidh do Phádraig cabhair leighis a fháil óna Dhochtúir. Chuir an tOifigeach plean i bhfeidhm chun a chóiríocht féin a fháil do Phádraig agus mhol sé do Phádraig cabhair leighis a fháil nuair a thagann smaointe féinmharaithe air. Chomh maith leis sin, d'éirigh le Pádraig athnascadh lena dheartháir agus bhí cuairteanna eatarthu ó am go chéile.

Mar sin féin, bhí sé doiligh teacht ar chóiríocht ar cíos agus tháinig dúlagar ar Phádraig arís. Le linn agallaimh lena Oifigeach Promhaidh, thug Pádraig le fios go raibh sé ag an bhfíorbhun. Bhí nóta féinmharaithe ullmhaithe aige agus labhair sé faoi na socruithe sochraide ba mhian leis a chur i bhfeidhm. Níor shíl sé go raibh aon bhealach éalaithe aige.

Dhiúltaigh Pádraig cabhair óna Oifigeach Promhaidh agus, cé go ndearna an tOifigeach, na seirbhísí éigeandála agus an Garda Síochána a ndícheall, thángthas ar Phádraig an lá dár gcionn agus créachtaí féinghortaithe air. Chaith Pádraig na chéad cheithre seachtaine eile i mbarda síciatrach.

Agus í ag obair le Pádraig ón ospidéal ar dtús, rinne an tSeirbhís Phromhaidh teagmháil lena dheartháir, duine a rinne socruithe do Phádraig a bheith ag fanacht lena chol ceathrar. Cuireadh plean cúraim i bhfeidhm leis an ospidéal. Tá Pádraig ag cloí leis an bplean sin agus tá sé tar éis a chóiríocht féin a fháil.

Cé go bhfuil dóchas aige teacht le chéile lena theaghlach agus lena iníon arís, tá Pádraig fós i mBaile Átha Cliath ar chomhairle ón Oifigeach Promhaidh Maoirseachta. Ar an mbealach sin, fanann sé gar dá thacaíocht nuafhaighte. Tá socruithe déanta ag Oifigeach Promhaidh Maoirseachta Phádraig chun cabhrú leis a fhadhbanna meabhairshláinte a choinneáil faoi smacht.

Is iomaí duine cosúil le Pádraig, daoine atá ina n-aonar agus nach bhfaigheann aon tacaíocht nuair a fhágann siad an príosún. De réir taighde, méadaíonn eisiamh sóisialta an dóchúlacht go n-athchiontóidh duine. Tairgeann SORT cabhair do dhaoine i gcásanna den chineál céanna.

Nóta: Is fíorasach atá na cás-staidéir anseo. Mar sin féin, athraíodh sonraí áirithe chun aitheantas na ndaoine lena mbaineann a chosaint.

Sa bhliain 2014, d'atreoraigh na Cúirteanna **8,482** duine chuig an tSeirbhís






**Bhí 67.6%** de na hatreoruithe fireanna nua agus **65.4%** de na hatreoruithe baineanna nua idir 18 agus 34 bliain d'aois



Sa bhliain 2014, bhí breis agus **6,000** cuairteoir ann in aghaidh na míosa ar ár suíomh Gréasáin www.probation.ie




D'amharc beagnach **400,000** duine ar an gclár faisnéise 'Inside Probation' a craoladh ar RTÉ1 i mí Dheireadh Fómhair 2014

Is iad seo a leanas roinnt de na príomhghnéithe den chóras ceartais choiriúil:

- Ciontú agus athchiontú a chosc
- Díobháil a dheisiú
- An tsochaí a dhéanamh níos sábháilte

Laistigh den chomhthéacs sin, oibríonn an tSeirbhís Phromhaidh laistigh de phobail agus in éineacht leo chun freagairtí a sholáthar d'iompar ciontaithe. Baineann ríthábhacht le hidirghabhálacha rathúla a sholáthar maidir le muinín as obair na Seirbhíse a fhorbairt laistigh de na pobail sin. Gné lárnach de mhuinín as an obair a dhéanaimid a fhorbairt is ea an obair sin a mhíniú don phobal.

Sa bhliain 2013, lig an tSeirbhís Phromhaidh ceamaraí isteach agus páirt á glacadh aici i gclár faisnéise pearsanta uaillmhianach lenar tarraingíodh aird ar obair laethúil na Seirbhíse. Rinneadh an clár faisnéise sin, a scannánaíodh thar thréimhse bliana, a chraoladh ar RTÉ1 i mí Dheireadh Fómhair 2014.

# Téann 'Inside Probation' faoi choim sa tSeirbhís Phromhaidh

## Sa chlár faisnéise seo ó RTÉ, leantar an tseirbhís phromhaidh agus í ag déanamh maoirseacht ar na mílte ciontóir

*Ruadhán Mac Cormaic, Irish Times*

Leanadh sa chlár de chuid *Midas Productions* an obair a rinne roinnt Oifigeach Promhaidh agus measúnú, bainistíocht agus maoirseacht á ndéanamh acu ar chiontóirí sa phobal.






Tugadh leis an gclár léargas do bhreis agus 400,000 duine ar obair na Seirbhíse Poiblí, agus deis á tabhairt dóibh súil a chaitheamh ar na fadhbanna casta a bhíonn ag ciontóirí agus ar an saol deacair a bhíonn acu go minic.

Rinneadh clúdach suntasach ar an tSeirbhís ar fud na n-ardán meán uile sna laethanta roimh an gclár agus ina dhiaidh. Thug sé sin deis don tSeirbhís aird a tharraingt ar a cuid oibre agus ar an ról tábhachtach atá aici laistigh den Chóras Ceartais Choiriúil.

### CUMARSÁID

Sa bhliain 2014, lean an tSeirbhís ar aghaidh lena clár cumarsáide a bhrú chun cinn agus d'eisigh sí 12 nuachtlitir, *Probation works* (nuachtlitir sheachtrach), agus *Probation Press* (nuachtlitir inmheánach/foirne) ina measc le linn na bliana 2015.

In *Probation works*, tugtar nuacht ar na forbairtí is déanaí i gcleachtas promhaidh agus i réimsí oibre gaolmhara. Scaiptear an nuachtlitir go forleathan ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus í á cur ar fáil do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí araon. Tá gach eagrán de *Probation works* ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse. Scaiptear an foilseachán ar an bhfoireann ar fad ar fud na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais freisin trí thairseach inlín na Roinne.

Rinneadh sé eagrán de *Probation Press*, nuachtlitir inmheánach na Seirbhíse, a fhoilsiú le linn na bliana. Imríonn an foilseachán sin ról tábhachtach maidir leis an bhfoireann a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí nua sa tSeirbhís.




Probation works




Probation Press

I mí na Samhna 2014, ghlac an tSeirbhís páirt in *'Report'*, mórchlár cúrsaí reatha san Iodáil. Craoladh é ar Rai 3 an 30 Samhain 2014. Mar chuid den chlár, inar féachadh ar an dóigh a n-úsáidtear Seirbhís Pobail i roinnt dlínsí éagsúla, rinneadh agallaimh lenár dtionscadal soghluaiste um Baint Graifítí agus le maoirseoirí suímh Sheirbhís Pobail Chnoc Mitin.




**Sa phictiúr thuas:** Graifítí á bhaint ag ciontóirí ar Sheirbhís Pobail i mBaile Átha Cliath 1 mar chuid de Thionscadal na Seirbhíse Promhaidh um Baint Graifítí.




**Sa phictiúr thuas:** Paul Cruise, Maoirseoir Seirbhís Pobail ag Ionad Pobail Chnoc Mitin, sa chlár faisnéise *Report* do Rai 3, cainéal teilifíse Iodálach.

Chomh maith leis sin, lean an tSeirbhís ar aghaidh le húsáid fhairsing a bhaint as ár suíomh Gréasáin agus as ár dtairseach inmheánach chun cumarsáid agus feasacht ar ár gcuid oibre a bhrú chun cinn. Sa bhliain 2014, bhí meánlíon de 6,000 cuairt ann in aghaidh na míosa ar ár suíomh Gréasáin.

Cuireadh roinnt bróisiúr faisnéise le chéile le linn na bliana freisin chun obair na Seirbhíse a chur chun cinn agus a mhíniú. Forbraíodh bróisiúr faisnéise mar acmhainn do chleachtóirí dlí agus scaipeadh é go forleathan ar na breithiúna agus ar ghairmithe dlí ina dhiaidh sin.



## FAISNÉIS

Leanadh ar aghaidh le hiarrataí ar fhaisnéis agus ar chumarsáid a chomhordú trínár nAonad um Sheirbhísí Corparáideacha. Chomh maith leis sin, cinntíonn aonad tiomnaithe um Shaoráil Faisnéise (SF) agus Cosaint Sonraí go dtugtar freagraí prasa ar iarrataí ar fhaisnéis phearsanta agus ar fhaisnéis faoi obair na Seirbhíse.

| Iarrataí a Fuarthas ar Fhaisnéis a Rochtain | |
|---|---|
| Iarrataí Saoráil Faisnéise (SF) | 19 |
| Iarrataí ó Thríú Páirtithe | 2 |
| Achomhairc SF | 2 |
| Achomhairc ó Oifig an Choimisinéara Faisnéise | 2 |
| Iarrataí Cosaint Sonraí | 9 |
| Iarrataí ó ghníomhaireachtaí eile | 3 |
| **Iarrataí Iomlána** | **37** |

| Iarrataí ar Fhaisnéis a Comhordaíodh go Lárnach | |
|---|---|
| Ceisteanna ón bPreas | 15 |
| Ceisteanna ón Dáil | 67 |
| Eile* | 210 |
| **Iomlán** | **292** |

* (folaíonn sé seo freagraí ar uiríll ó ionadaithe poiblí, iarrataí ar ionchur i ndoiciméid bheartais, etc.)

## FAISNÉIS DON LUCHT BAINISTÍOCHTA

Lean an tSeirbhís Phromhaidh ar aghaidh le córais a fhorbairt chun bainistíocht agus anailís a dhéanamh ar shonraí.   Sa bhliain 2014, cuireadh sonraí cuí ar fáil do gach cruinniú tábhachtach de chuid an lucht bainistíochta. D’fhonn a chinntiú go mbeadh dul chun cinn comhsheasmhach ann, sceidealaíodh athbhreithnithe ar chórais faisnéise go rialta mar chuid de chruinnithe de chuid an Lucht Bainistíochta Sinsearaí ar aon dul le straitéis agus le spriocanna na Seirbhíse.

Tionóladh dhá cheardlann rathúla mar chuid de chomhdháil ar Bheartas Pionósach in Áit Choinneála Chruithneachtáin i mí Mheán Fómhair 2014. Labhair ionadaithe ón bPríomh-Oifig Staidrimh, ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus ón tSeirbhís Phromhaidh faoi bhainistíocht sonraí leis na heagraíochtaí agus leag siad amach an dóigh ar baineadh tairbhe as an gcomhoibriú chun ciontóirí atitimeacha a aithint.



**Sa phictiúr thuas:** Maura Butler, Cathaoirleach an Chumainn um Thaighde agus Forbairt Ceartais Choiriúil (ACJRD), agus í ag labhairt le toscairí ag an gcomhdháil ar Bheartas Pionósach.


Le linn na bliana, mhéadaíomar uathoibriú na dtuarascálacha sonraí oibriúcháin fíor-ama; mhéadaíomar an tuairisciú staitistiúil ar líne a dhéanaimid trínár suíomh Gréasáin; chuireamar le sonraí faoi Sheirbhís Pobail agus faoi Fhilleadh ar an bPobal a nascadh le chéile agus rinneamar tuilleadh comhtháthaithe ar fhaisnéis ó Eagraíochtaí Pobalbhunaithe a fhaigheann cistiú ón tSeirbhís.

## TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (TFC)

Déanann an tAonad TF sa tSeirbhís Phromhaidh raon seirbhísí TF a sholáthar agus a choinneáil ar bun, seirbhísí a thacaíonn le feidhmeanna Oibriúcháin agus Straitéiseacha na Seirbhíse.  Le linn na bliana, ionchorpraíodh próisis ghnó atá ag athrú i gCóras Cás-Rianúcháin na Seirbhíse.

Déantar ionadaíocht don tSeirbhís Phromhaidh ar Ghrúpa Rialachais TFC agus ar Ghrúpa Idirchaidrimh TFC na Roinne agus déanann sí idirchaidreamh le hAonad TFC na Roinne ar bhonn leanúnach.

**% D’IARRATAÍ AR FHAISNÉIS A FUARTHAS IN**




* (folaíonn sé seo freagraí ar uiríll ó ionadaithe poiblí, iarrataí ar ionchur i ndoiciméid bheartais, etc.)

**FÍRIC GHASTA**

**Sa bhliain 2014, d’iarr an tSeirbhís Phromhaidh 8,062 seiceáil ar thaifid choiriúla chiontóirí ón nGarda Síochána chun cabhrú linn tuarascálacha measúnaithe ar chiontóirí a ullmhú don Chúirt.**

FACT

## AN GRÚPA COMHAIRLEACH UM CHOSAINT PHOIBLÍ


Agus iad i láthair ag an ócáid le chéile, rinne Frances Fitzgerald TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus an tUas. David Ford MLA, Aire Dlí agus Cirt Thuaisceart Éireann, an cúigiú seimineár bliantúil de chuid an Ghrúpa Chomhairligh um Chosaint Phoiblí a oscailt i gCeanncheathrú na Seirbhíse Promhaidh i Margadh an Fhéir, Baile Átha Cliath, an 21 Samhain 2014.



**Sa phictiúr thuas:** An tAire Frances Fitzgerald TD agus an tAire David Ford MLA, agus an t-eagrán d'Irisleabhar Promhaidh na hÉireann do 2014 á fháil acu ó Cheryl Lamont, Stiúrthóir (Gníomhach) ar an PBNI agus ó Vivian Geiran, Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh.

Bhí breis agus seachtó toscaire i láthair ag an seimineár, agus ionadaíocht á déanamh acu do na póilíní, do na príosúin agus d'eagraíochtaí promhaidh, mar aon leis na Ranna/Airí Dlí agus Cirt, ó thuaidh agus ó dheas. Ba é *'Obair a Dhéanamh le Pobail agus Laistigh Díobh'* téama an tseimineáir. Chuimsigh sé cur i láthair ar Fhilleadh ar an bPobal, ar Chiontú a Laghdú i gComhpháirt agus an Fhreagairt Comhghníomhaireachta do Choireacht, Cleachtas Aisiríoch, obair a dhéanamh laistigh de phobail agus na Comhpháirtíochtaí Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail.

## IRISLEABHAR PROMHAIDH NA hÉIREANN




Seoladh an t-aonú eagrán déag d'Irisleabhar Promhaidh na hÉireann ag an Seimineár Thuaidh-Theas um Chosaint Phoiblí freisin. Leis an Irisleabhar, tugtar deis luachmhar eolas, torthaí taighde agus samplaí dea-chleachtais a chomhroinnt idir acadóirí, taighdeoirí agus cleachtóirí.

Bhí cúig alt déag san iomlán in Irisleabhar Promhaidh na hÉireann do 2014, áit ar pléadh Bainistíocht Chomhtháite Ciontóirí, Cleachtas promhaidh maidir le hobair a dhéanamh le taistealaithe, príosúnaigh Éireannacha i bpríosúin Shasana, agus béim ar leith á cur ar thaistealaithe Éireannacha sa tír sin, agus tuarascálacha réamh-phianbhreithe sna Cúirteanna Leanaí.

## PRÓTACAL UM CHOMHROINNT FAISNÉISE

Rinne Stiúrthóirí na Seirbhíse Promhaidh agus an Bhoird Phromhaidh do Thuaisceart Éireann Prótacal um Chomhroinnt Faisnéise a athbhreithniú agus a chomhaontú i mí Iúil 2014 maidir le Bainistíocht Ciontóirí Gnéis agus Ciontóirí a mheasúnaítear a bheith ina Riosca Díobhála Tromchúisí do Dhaoine Eile.



**Sa phictiúr thuas:** Vivian Geiran, Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh, in éineacht le Cheryl Lamont, Stiúrthóir (Gníomhach) an PBNI.

Éascaíonn an prótacal malartú sonraí pearsanta agus faisnéise eile ar mhaithe le sábháilteacht phoiblí a mhéadú agus le cur ar chumas an dá Sheirbhís an méid seo a leanas a dhéanamh:

- socruithe deonacha a chomhaontú do phianbhreitheanna pobail
- socruithe deonacha a chomhaontú do mhaoirseacht iarchoimeádta
- faisnéis a chomhroinnt le haghaidh Tuarascálacha Réamh-Smachtbhanna a ullmhú

## Chéad Chomhdháil na hÉireann um Cheartas Coiriúil

In éineacht leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, le Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus leis an gCumann um Thaighde agus Forbairt Ceartais Choiriúil (ACJRD), ghlac an tSeirbhís Phromhaidh páirt i gcomhdháil ar Athchóiriú an Bheartais Phionósaigh Dé Sathairn an 20 Meán Fómhair 2014.



**Sa phictiúr thuas:** An tAire Frances Fitzgerald TD, agus í ag labhairt le toscairí ag an gcéad chomhdháil ar Bheartas Pionósach, rud a tionóladh in Áit Choinneála Chruithneachtáin i mí Mheán Fómhair 2014.

Labhair Frances Fitzgerald TD, an tAire Dlí agus Cirt, ag an gcomhdháil, rud a tionóladh in Áit Choinneála Chruithneachtáin i mBaile Átha Cliath. Bhí an tIonad lán go béal, agus os cionn 130 toscaire i láthair. I measc na ndaoine a d'fhreastail ar an gcomhdháil, bhí baill de na breithiúna, oifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, pearsanra Promhaidh, Príosún agus an Gharda Síochána, ionadaithe ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, mar aon le heagraíochtaí neamhrialtasacha, dlíodóirí, acadóirí agus polaiteoirí.

Soláthraíodh ceardlanna ar na téamaí seo a leanas freisin mar chuid den chlár iomlán: bainistíocht sonraí, cumhachtú príosúnach, an Clár um Fhilleadh ar an bPobal, fostaíocht príosúnach, cóitseáil idirphlé agus an próiseas um athrú, agus na riachtanais atá ag íospartaigh foréigin ghnéis agus teaghlaigh.

## Comhdháil an JCN (an Líonra um Chomhoibriú Ceartais) in Rostock-Warnemünde

Ba in Rostock-Warnemünde (an Ghearmáin) i mí Mheán Fómhair 2014 a tionóladh an chomhdháil deiridh de chuid thionscadal Eorpach an JCN (an Líonra um Chomhar Ceartais) maidir le bainistíocht cóireála agus aistrithe ciontóirí ardriosca. Bhí níos mó ná 400 toscaire as 34 tír i láthair.

Tá comhpháirtithe tionscadail an Líonra um Chomhoibriú Ceartais ag obair le chéile ó 2012 chun líonra Eorpach agus an dea-chleachtas a fhorbairt i mbainistíocht a dhéanamh ar aistriú príosúnach ardriosca agus i maoirseacht a dhéanamh orthu agus iad ag fágáil coimeádta.

Ba iad toscairí ó na comhlachtaí seo a leanas a rinne ionadaíocht d'Éirinn ag an gComhdháil: an tSeirbhís Phromhaidh, an Garda Síochána, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil agus roinnt eagraíochtaí pobalbhunaithe a fhaigheann cistiú ón tSeirbhís Phromhaidh.



**Sa phictiúr thuas:** Toscairí Eorpacha, agus iad ag freastal ar Chomhdháil an Líonra um Chomhoibriú Ceartais in Rostock-Warnemünde, an Ghearmáin.

Ag tús na comhdhála, fuarthas aithisc ón Aire Dlí agus Cirt in Mecklenburg- Pomerania Thiar agus ón Ard-Rúnaí ar an Aireacht Fheidearálach Dlí agus Cirt sular labhair cainteoirí ó Choimisiún an AE, ón gCónaidhm um Promhadh Eorpach (CEP) agus ó Europris.

Ag deireadh na Comhdhála, labhraíodh faoi obair thionscadal Eorpach an JCN (an Líonra um Chomhoibriú Ceartais) maidir le bainistíocht cóireála agus aistrithe ciontóirí ardriosca.

**Rinne Deasc Idirnáisiúnta na Seirbhíse Promhaidh bainistiú ar 25 iarraidh ar thuarascálacha idirdhlínsiúla Thuaidh-Theas sa bhliain 2014.**

## Comhairle na hEorpa (CE)

COUNCIL OF EUROPE
CONSEIL DE L'EUROPE

Toghadh Vivian Geiran, Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh, chun ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ar an gComhairle um Chomhoibriú Pionóseolaíochta, grúpa oibre a oibríonn faoin gCoiste Eorpach um Fhadhbanna Coireachta de chuid Chomhairle na hEorpa. Comhlíonann an Chomhairle um Chomhoibriú Pionóseolaíochta raon feidhmeanna éagsúla, lena n-áirítear tograí a athbhreithniú agus a dhéanamh ar an dóigh a bhfeidhmítear promhadh agus córais phromhaidh san Eoraip, faireachán a dhéanamh ar an dóigh a bhfeidhmítear promhadh agus rialacha príosúin, na staitisticí pionósacha bliantúla ó Chomhairle na hEorpa (SPACE I & II) a choimisiúnú, agus iniúchadh, athbhreithniú agus trácht a dhéanamh ar raon saincheisteanna gaolmhara.

I mí an Mheithimh 2014, tionóladh an 19ú Comhdháil de chuid Chomhairle na hEorpa do Stiúrthóirí Príosún agus Promhaidh in Heilsincí, an Fhionlainn. Ba é *'Spriocanna Comhroinnte, Luachanna Comhroinnte i bPríosúin agus i bPromhadh'* téama na comhdhála i mbliana. Ghníomhaigh Vivian Geiran mar mhodhnóir ag ceann amháin de na seisiúin chomhdhála.

**Bunaithe ar thorthaí de chuid SPACE II 2013*, bhí Seirbhís Pobail freagrach as 35.3% de na smachtbhannaí pobail a ndearnadh maoirseacht orthu in Éirinn.**

**Cuirtear an figiúr sin i gcomparáid le 17.1% i dTuaisceart Éireann, le 9.7% i Sasana agus sa Bhreatain Bheag agus le 25% in Albain.**

**Bhí Meán na hEorpa cothrom le 26.5%.**

*Déanann tionscadal SPACE II, arna chruthú ag Comhairle na hEorpa sa bhliain 1992, faisnéis a bhailiú ar dhaoine atá ag cur smachtbhannaí agus pionóis neamhchoimeádta agus leathchoimeádta isteach

**Bhí 2,145, 289 duine faoi mhaoirseacht/chúram na seirbhísí promhaidh san Eoraip ag deireadh na bliana 2013.**

* Bunaithe ar an Tuarascáil Staitistiúil do 2013 ó SPACE II. Déanann tionscadal SPACE II, arna chruthú ag Comhairle na hEorpa sa bhliain 1992, faisnéis a bhailiú ar dhaoine atá ag cur smachtbhannaí agus pionóis neamhchoimeádta agus leathchoimeádta isteach

## Cothromóid an Phromhaidh

Níos Lú Ciontóirí = Níos Lú Íospartach + Pobail Níos Sábháilte

Ciontóirí / Maoirseacht Phromhaidh = Atítimeachas Laghdaithe

Atítimeachas Laghdaithe = Níos Lú Ciontóirí

Is é **€5,000** an meánchostas ar mhaoirseacht a dhéanamh ar Ordú Promhaidh. Sa bhliain 2013, ba é **€65, 542** **an meánchostas ar dhuine a choinneáil i bpríosún ar feadh bliana.**




Sa bhliain 2014, scaoileadh **450** príosúnach ar an Scéim um Fhilleadh ar an bPobal, ar comhthionscnamh é idir an tSeirbhís Phromhaidh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

Tá fadhbanna alcóil agus/nó fadhbanna mí-úsáid alcóil ag **89%*** de chiontóirí fásta atá faoi mhaoirseacht phromhaidh.



* Foinse: Mí-Úsáid Drugaí agus Alcóil i measc Ciontóirí Fásta faoi Mhaoirseacht Phromhaidh in Éirinn, arna foilsiú ag an tSeirbhís Phromhaidh i mí na Bealtaine 2012.

# Rannán 2

## FEIDHMÍOCHT DE RÉIR SPRIOCANNA 2014

**Le linn na bliana, thomhais an tSeirbhís a feidhmíocht de réir na spriocanna straitéiseacha a leagadh amach i Ráiteas Straitéise na Seirbhíse 2011 – 2014 agus de réir an chláir oibre a leagadh amach i bpleananna oibre na Seirbhíse.**

| SPRIOC 1: ATHCHIONTÚ A LAGHDÚ AGUS TUILLEADH ÍOSPARTA A CHOSC TRÍ SMACHTBHANNAÍ AGUS TRÍ BHEARTA POBAIL A CHUR CHUN CINN AGUS A SHOLÁTHAR. | |
|---|---|
| **Cur le raon na n-idirghabhálacha nuálacha agus fianaisebhunaithe a sholáthraíonn an tSeirbhís ar fud na tíre.** | • Rinneadh Athbhreithniú ar Dhualgas Cúirte. Cuireadh na moltaí chun feidhme.<br>• Rinneadh tuarascálacha Seirbhís Pobail aon lae a leathnú chuig Cúirt Achomharc na Cúirte Dúiche sna Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla.<br>• Thug an tSeirbhís cúnamh do Bhord Tionscadal na Seirbhíse Cúirteanna maidir leis an Acht Fíneálacha.<br>• Tugadh Straitéis na gClár chun críche. Áirítear iad seo a leanas leis na cláir a soláthraíodh in 2014:<br>  ○ Freagairt Neamh-Fhoréigneach.<br>  ○ Cláir Ghrúpa Choice and Challenge.<br>  ○ Maireachtáil le Pianbhreith Saoil – Treoirthionscadal.<br>  ○ Teaghlaigh a Neartú.<br>  ○ An Clár Aonair chun Fearg a Láimhseáil (Láimhseáil Feirge) (I-MAP).<br>• Tá obair á déanamh chun clár a fhorbairt do chiontóirí foréigneacha, agus sprioc ann é a chur i bhfeidhm do 50 ciontóir lena mbaineann ardriosca go ndéanfaidh siad tuilleadh díobháil thromchúiseach.<br>• Tá Foireann Chomhlonnaithe ag obair le grúpaí um Measúnú Riosca agus Bainistíocht Ciontóirí Gnéis (SORAM) ar fud na tíre. |
| **Tionscnaimh a fhorbairt chun timthriall an chiontaithe a bhriseadh, malairtí ar choimeád a chur ar fáil agus athimeascadh ciontóirí a chumasú.** | • Críochnaíodh Taighde ar Fhilleadh ar an bPobal agus foilsíodh é i mí Dheireadh Fómhair 2014.<br>• Filleadh ar an bPobal – Baineadh amach an sprioc do 2014 maidir le 450 duine a scaoileadh.<br>• Tionscadal PALLS – Cuireadh an clár scaoilte struchtúrtha de chuid Scéim Tacaíochta Pobail Luimnigh i bhfeidhm.<br>• Lean an tSeirbhís de bheith ag obair le hEagraíochtaí Pobalbhunaithe chun cláir éifeachtacha sholúbtha a bhí ar chomhréim le riachtanais athraitheacha na Seirbhíse a chur ar fáil.<br>• Leanadh ar aghaidh le húsáid mhéadaithe oibrithe deonacha a chuireann le cláir sheirbhíse a spreagadh.<br>• Seoladh Comhstraitéis Ban na Seirbhíse Promhaidh agus Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Comhaontaíodh an plean forfheidhmithe agus cuireadh tús leis. |
| **Cur le tionscnaimh bheartais Cheartais a fhorbairt trí chur chun cinn a dhéanamh ar an ról suntasach atá ag smachtbhannaí pobail maidir le hathchiontú a laghdú agus ar iad a úsáid mar mhalairt éifeachtach pianbhreithe ar choimeád.** | • Cuireadh Clár Taighde na Seirbhíse Promhaidh i bhfeidhm.<br>• Tugadh freagra ar bhealach tráthúil ar iarrataí ar fhaisnéis, ar thuairimí agus ar rannchuidiú.<br>• Chuir an tSeirbhís le clár reachtach na Roinne de réir mar ba ghá.<br>• Tacaíodh le cuspóirí straitéiseacha na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig. |

| SPRIOC 2: AGHAIDH A THABHAIRT AR CHOIREACHT AGUS AR CHUIMSIÚ SÓISIALTA TRÍ CHOMHGHUAILLÍOCHTAÍ AGUS TRÍ CHOMHPHÁIRTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA NÍOS LÁIDRE. | |
|---|---|
| **Cur le córas comhordaithe comhtháite um bainistíocht ciontóirí ar fud an réimse ceartais choiriúil ar fad.** | • Lean an tSeirbhís ar aghaidh le páirt a ghlacadh sa tionscadal Eorpach um bainistíocht cóireála agus aistrithe ciontóirí ardriosca.<br>• Ghlac an tSeirbhís páirt sa Ghrúpa Athbhreithnithe ar Bheartas Pionósach. Foilsíodh an tuarascáil ina dhiaidh sin.<br>• Ghlac an tSeirbhís páirt i gcruinnithe trasearnála – COSC, Easpa Dídine, an Coiste Náisiúnta Feidhmithe ar Athshlánúchán Drugaí, an Bord Promhaidh do Thuaisceart Éireann (PBNI).<br>• Rannpháirtíocht leanúnach i ngrúpaí oibre:- an Grúpa Idirchaidrimh Íospartach, an Coiste um Thús Áite do Leanaí de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.<br>• Tionóladh cruinnithe leis an tSeirbhís Chúirteanna agus bhí idirchaidreamh leanúnach ann leis na Breithiúna.<br>• Cruinnithe idir an Grúpa Maoirseachta Straitéisí agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann maidir le cur chun feidhme na Comhstraitéise.<br>• Críochnaíodh an t-athbhreithniú ar obair na Seirbhíse Promhaidh sna Príosúin. Tá na moltaí á gcur ar aghaidh.<br>• Idirchaidreamh leanúnach leis an nGarda Síochána. |
| **Oibriú le comhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus Eorpacha chun seirbhísí éifeachtacha a fhorbairt agus a sholáthar chun athchiontú a laghdú.** | • Ba tríd an Deasc Idirnáisiúnta a bainistíodh iarratais ar mhaoirseacht phromhaidh a aistriú as dlínsí eile agus chucu.<br>• Rannpháirtíocht leanúnach i dtionscadail arna gcistiú ag an AE: Atitimeachas Ógánach (an Phortaingéil), Ciorcail Tacaíochta (an Ísiltír), Ceartas Aisiríoch (an Iodáil).<br>• Tionóladh comhchruinnithe idir lucht bainistíochta na Seirbhíse Promhaidh agus an Bhoird Phromhaidh (PBNI) do Thuaisceart Éireann.<br>• Fuarthas cistiú ó Chiste Sóisialta na hEorpa i dtaca le tionscadal amháin do dhaoine fásta agus i dtaca le cúig thionscadal Promhaidh do dhaoine óga.<br>• Idirchaidreamh leis an PBNI maidir le soláthar clár.<br>• Foilsíodh an 11ú heagrán d'Irisleabhar Promhaidh na hÉireann. |
| **Féachaint le feabhas a chur ar thorthaí d'íospartaigh agus do chiontóirí trí chomhghuaillíochtaí straitéiseacha níos fearr a fhorbairt leis an mórearnáil reachtúil, dheonach agus phobail.** | • Rinneadh Ceartas Aisiríoch sa Phobal a leathnú chuig Cúirteanna i gCorcaigh.<br>• Tháinig méadú ar líon na nAtreoruithe Cúirte Dúiche as Corcaigh.<br>• Seirbhísí Ceartais Aisiríoch, Baile Átha Cliath:- Tháinig painéil chúitimh le chéile dhá uair in aghaidh na seachtaine in oifig na Seirbhíse Promhaidh i Margadh an Fhéir. Bhí 477 cruinniú le cliaint ann i Margadh an Fhéir.<br>• Cuireadh an Fhoireann Náisiúnta um Sheirbhísí Íospartach i bhfeidhm.<br>• Cuireadh naisc ar bun le heagraíochtaí Íospartach<br>• Próiseáladh iarrataí ó íospartaigh ar bhealach tráthúil. |

| SPRIOC 3: FEABHAS A CHUR AR CHUMAS NA hEAGRAÍOCHTA BARRFHEABHAS AGUS NUÁLAÍOCHT A SHOLÁTHAR. | |
|---|---|
| **Seirbhísí a sholáthar de réir na gcaighdeán agus na leibhéal gairmiúlachta is airde** | • Cuireadh tionscadal um Dhearbhú Cáilíochta agus Caighdeáin ar bun.<br>• Rinneadh an chéad ghrúpa d'ocht gcaighdeán – a bhain le measúnú ar chiontóirí agus maoirseacht ciontóirí agus le feidhmeanna lárnacha bainistíochta –a scaipeadh lena gcur chun feidhme.<br>• Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú cuimsitheach ar an modheolaíocht a leantar chun sonraí faoi chiontóirí gnéis a shainmhíniú, a thaifeadadh agus a thuairisciú.<br>• Críochnaíodh an t-athbhreithniú leantach ar Phleananna Cásbhainistíochta.<br>• Nuashonraíodh na treoirlínte maidir le Tuarascálacha Réamh-Smachtbhanna.<br>• Rinneadh Córas Bainistíochta um Shláinte agus Sábháilteacht Ceirde a thriail i gcúig láthair. Rinneadh iniúchadh ar an Oifig i Margadh an Fhéir i mí na Nollag.<br>• Cuireadh Grúpa Cumarsáide i bhfeidhm. |
| **An chuid is fearr a bhaint as na tairbhí a ghabhann le TFC, le taighde agus le bainistíocht sonraí** | • Nuashonraíodh an Córas Cás-Rianúcháin chun próisis nua ghnó a ionchorprú ann.<br>• Foilsíodh sé eagrán leictreonacha de Probation Service Press agus de Probation Service Works.<br>• Tarraingíodh Úsáideoirí Seirbhísí isteach sa Phróiseas Comhairliúcháin ar an Straitéis.<br>• Ghlac an tSeirbhís páirt i nGrúpaí Rialachais agus Idirchaidrimh TFC.<br>• Coinníodh an suíomh Gréasáin cothrom le dáta.<br>• Cuireadh Clár Taighde i bhfeidhm. Foilsíodh Taighde ar Fhilleadh ar an bPobal.<br>• Baineadh úsáid mhéadaithe as anailísíocht agus as staitisticí chun eolas a thabhairt don lucht bainistíochta.<br>• Cuireadh naisc físe i bhfeidhm idir Príosún Chnoc Seimre, Príosún an Láir Tíre, an oifig i Margadh an Fhéir, Príosún Chorcaí, an PBNI agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. |
| **Acmhainní a bhainistiú go héifeachtach chun luach ar airgead a bhaint amach.** | • Rannpháirtíocht agus rannchuidiú leanúnach le próiseas pleanála lucht saothair na Roinne.<br>• Ath-imscaradh baill foirne de réir mar ba ghá, rud a chinntigh inniúlacht sna háiteanna cearta chun seirbhísí a sholáthar sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma.<br>• Bainistíodh feidhmíocht trí phróiseas Córais Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta a úsáid.<br>• Cuireadh Plean Forfheidhmithe an Athbhreithnithe Eastáit ar aghaidh.<br>• Cuireadh na moltaí ón Iniúchadh Inmheánach chun feidhme.<br>• Leanadh ar aghaidh le creatchomhaontuithe láraithe a úsáid.<br>• Rinneadh tionscnaimh oiliúna a shainaithint agus a chomhroinnt le Seirbhís Phríosúin na hÉireann.<br>• Cuireadh Plean Fuinnimh i bhfeidhm.<br>• Rinneadh buiséid AE agus tuarascálacha airgeadais a bhainistiú ar iarratas do gach tionscadal idirnáisiúnta. |

## COMHSTRAITÉIS NA SEIRBHÍSE PROMHAIDH/SHEIRBHÍS PHRÍOSÚIN NA hÉIREANN

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh ag obair go dlúth le chéile le blianta fada chun cabhrú le príosúnaigh laghdú a dhéanamh ar an riosca go n-athchiontóidh siad agus rannchuidiú dearfach a dhéanamh lena bpobail trí bhainistíocht pianbhreithe réamhghníomhach agus trí chláir um athlonnú príosúnach a chur ar fáil.

I mí na Bealtaine 2013, cuireadh doiciméad comhstraitéise le chéile ina leagtar amach an dóigh a leanfaidh an dá eagraíocht ar aghaidh lenár gcomhobair a fhorbairt agus a chomhordú, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe san earnáil reachtúil, phobail agus dheonach, d'fhonn torthaí a fheabhsú chun Éire níos sábháilte agus níos cothroime a chruthú. Tá an dul chun cinn atá déanta ar an straitéis sin leagtha amach sa chéad rannán eile.

Le linn na bliana 2014, cuireadh tús le hobair ar chomhstraitéis nua lena gcuimseofaí an tréimhse 2015-2017.



# Nuashonrú ar Chomhstraitéis na Seirbhíse Promhaidh/Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

## 1
**Contanam Bainistíocht Pianbhreithe**

### AGUS FEABHAS Á CHUR AR BHAINISTÍOCHT PIANBHREITHE AGUS AR CHÚRAM PRÍOSÚNACH LE LINN COIMEÁDTA, RINNEAMAR AN MÉID SEO A LEANAS:

- Cláir ghrúpa oibre ar iompar ciontaithe "Choice and Challenge" a sholáthar i bPríosún Chruithneachtáin.
- Cláir ghrúpa a leathnú i bpríosúin ina bhfuil príosúnaigh ar gearradh pianbhreith saoil orthu.
- Cómheicníochtaí measúnaithe a fhorbairt do phríosúnaigh ar gearradh pianbhreith orthu agus atá á mbreithniú don Scéim um Fhilleadh ar an bPobal.
- 31 príosúnach a ciontaíodh i gcionta gnéis a atreorú chuig na socruithe ilghníomhaireachta um Measúnú Riosca agus Bainistíocht Ciontóirí Gnéis tar éis dóibh an chuid choimeádta dá bpianbhreith a chríochnú.
- Comhaontú le tástáil a dhéanamh ar fhreagairt na gcomhghníomhaireachtaí do thionscnaimh choireachta (an Garda Síochána, an tSeirbhís Phromhaidh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann).
- Tabhairt faoi chomhoiliúint ar mheasúnú riosca ciontóirí gnéis.
- Comhchistiú a chur ar fáil d'Eagraíochtaí Pobalbhunaithe chun obair leis na príosúin ar mhaithe le cabhrú le hathlonnú.
- 71 tuarascáil ar Phríosúnaigh ar Gearradh Pianbhreith Saoil orthu a chur i gcrích thar ceann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.
- 84 tuarascáil Measúnaithe agus Cúinsí Baile a chur ar fáil don Bhord Parúil

## 2
**Filleadh ar an bPobal**

### AGUS AN CLÁR UM FHILLEADH AR AN bPOBAL Á gCUR I bhFEIDHM TUILLEADH, RINNEAMAR AN MÉID SEO A LEANAS:

- An sprioc (450) duine a bhfuil scaoiltí struchtúrtha acu a shárú in 2014, agus scaoiltí struchtúrtha ag 455 duine.
- Ráta comhlíonta fíor-ard de bheagnach 90% díobh sin a scaoileadh ar an scéim a choinneáil ar bun.
- Leanúint ar aghaidh le hiniúchadh a dhéanamh ar an gClár um Fhilleadh ar an bPobal a leathnú agus ar a cur i bhfeidhm do phríosúnaigh oiriúnacha.
- Meastóireacht taighde a fhoilsiú ar an gClár um Fhilleadh ar an bPobal
- An t-aonad comhlonnaithe a leathnú trí Oifigeach Príosúin a shannadh don fhoireann i mí na Bealtaine 2014.
- Naisc sholáthair a bhunú le heagraíochtaí carthanachta, agus leas á bhaint as na torthaí agus na glasraí a d'fhás an Tionscadal um Fhilleadh ar an bPobal ag Halla Bhaile na Sceach.
- Idirbheartaíocht a dhéanamh le hAonaid Oideachais BOOCBÁC atá lonnaithe i bpríosúin maidir le tionscadal gairneoireachta Halla Bhaile na Sceach a chreidiúnú mar chlár oiliúna foirmiúil le linn 2015.
- An scéim a dhreasú tuilleadh trí Loghadh Méadaithe a dheonú do rannpháirtithe oiriúnacha tar éis dóibh a n-oibleagáidí oibre a chríochnú go rathúil.

## 3
**Tacaí do Phríosúnaigh Ghearrthéarmacha**

### AGUS TACAÍ Á SOLÁTHAR DO PHRÍOSÚNAIGH AR GEARRADH PIANBHREITH GHEARR ORTHU, RINNEAMAR AN MÉID SEO A LEANAS:

- Scéimeanna Tacaíochta Pobail a leathnú ionas go n-áirítear iontu anois Campas Mhuinseo, Príosún Chorcaí, Campas Bhaile Átha Cliath Thiar agus Príosún Luimnigh.
- Rannpháirtíocht a mhéadú le Care After Prison, ar eagraíocht neamhrialtasach phobalbhunaithe é, chun tacaíocht agus tathant a thabhairt do phríosúnaigh a raibh pianbhreitheanna faoi bhun 12 mhí á gcur isteach acu agus a bhí ar scaoileadh sealadach ó phríosúin i mBaile Átha Cliath.
- 230 atreorú (ar phríosúnaigh ghearrthéarmacha iad) a chur go rathúil ar an scéim thuasluaite le linn 2014.
- Obair a dhéanamh le Comhghuaillíocht Chorcaí, ar eagraíocht neamhrialtasach í, maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a raibh Príosún Chorcaí á fhágáil acu agus 114 atreorú a chur ar an scéim le linn 2014
- Obair a dhéanamh le PALLS, ar eagraíocht neamhrialtasach é, maidir le tacaíocht a thabhairt do phríosúnaigh ghearrthéarmacha a raibh Príosún Luimnigh á fhágáil acu agus 26 atreorú a chur ar an scéim ó Mheán Fómhair 2014.

4

Tionscnaimh Chorcaí agus Luimnigh

## AGUS FREAGAIRTÍ Á bhFORBAIRT DO PHRÍOSÚN LUIMNIGH AGUS DO PHRÍOSÚN CHORCAÍ, RINNEAMAR AN MÉID SEO A LEANAS:

- Na Scéimeanna Tacaíochta Pobail a leathnú chuig príosúnaigh ar gearradh pianbhreith ghearr orthu i bPríosún Chorcaí agus i bPríosún Luimnigh araon.
- Seirbhísí inrochtana a fhorbairt tuilleadh sa dá phríosún.
- Oifigeach Promhaidh tiomnaithe a shannadh chun obair a dhéanamh le banchiontóirí i bPríosún Luimnigh.
- Leanúint ar aghaidh leis an gClár um Fhilleadh ar an bPobal sa dá institiúid.

5

Ban-Chiontóirí

## AGUS FREASTAL Á DHÉANAMH AR RIACHTANAIS BHAN-CHIONTÓIRÍ, RINNEAMAR AN MÉID SEO A LEANAS:

- Obair a dhéanamh le raon gníomhaireachtaí éagsúla chun Ionad Abigail a oscailt, rud atá á reáchtáil ag DePaul Éireann agus ag Novas Éireann. Áiríodh leis na gníomhaireachtaí sin Feidhmeannacht Réigiúnach Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath (BOOCBÁC). Cuireann an t-ionad cóiríocht faoi thacaíocht agus raon leathan seirbhísí ar fáil do mhná.
- Comhoibriú a thionscnamh le tionscadal ban INSPIRE i dTuaisceart Éireann, agus comhchuairt á tabhairt ag baill foirne ón tSeirbhís Phromhaidh agus ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.
- Socrúcháin shaincheaptha a shaothrú do mhná a bhí ar sheirbhís pobail agus ar an scéim um fhilleadh ar an bpobal.
- Iniúchadh a chur i gcrích ar sheirbhísí inrochtana i bPríosún Dóchas agus i bPríosún Ban Luimnigh.

6

Ciontóirí Óga

## AGUS FREASTAL Á DHÉANAMH AR RIACHTANAIS CHIONTÓIRÍ ÓGA, RINNEAMAR AN MÉID SEO A LEANAS:

- Ciontóirí óga ar gearradh pianbhreith orthu a aistriú chuig cóiríocht níos oiriúnaí ag Áit Choinneála Chruithneachtáin.
- Oiliúint ón gCros Dhearg a éascú do chiontóirí óga i bPríosún Chruithneachtáin.
- Díriú ar athlonnú athshlánaithe ciontóirí óga faoi mhaoirseacht.
- Cláir ghrúpa um thuiscint d’íospartaigh a sholáthar i bPríosún Chruithneachtáin agus sa Scoil Choinneála Leanaí.

7

Comhfhorbairt Sonraí Staitistiúla

## AGUS OBAIR Á DÉANAMH CHUN A CHINNTIÚ GO mBÍONN ÁR gCLEACHTAS BUNAITHE AR SHONRAÍ CRUINNE, RINNEAMAR AN MÉID SEO A LEANAS:

- Rochtain na Seirbhíse Promhaidh ar Chóras Faisnéis Bhainistíochta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a mhéadú do phríomhbhaill foirne, rud a chuireann lena chruinne a bhíonn na sonraí.
- Meastóireacht taighde a fhoilsiú ar an gClár um Fhilleadh ar an bPobal
- Comhchruinniú a thionól leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (POS), le Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus leis an tSeirbhís Phromhaidh chun plean a chur le chéile do shonraí atitimeachais a fhoilsiú in 2015.
- Cur i láthair a thabhairt ag an gcéad Chomhdháil um Cheartas Coiriúil.

# AGUISÍNÍ

- Gluais Téarmaí
- Cairt Eagrúcháin na Seirbhíse Promhaidh
- Léarscáil Réigiúnach na Seirbhíse Promhaidh
- Léarscáil Láithreacha Oifige na Seirbhíse Promhaidh
- Airgeadas
- Staitisticí
- Liosta na nEagraíochtaí Pobalbhunaithe a fhaigheann cistiú tríd an tSeirbhís Phromhaidh

# Gluais Téarmaí

## MEASÚNÚ

Cuireann Oifigigh Phromhaidh seirbhís measúnaithe ar chiontóirí ar fáil do na Cúirteanna chun cabhrú leo cinntí pianbhreithe a dhéanamh, go háirithe i gcásanna ina bhfuil maoirseacht phromhaidh nó seirbhís pobail á mbreithniú. Tá dhá phríomhchineál tuarascála measúnaithe ar chiontóirí ann, is iad sin:

**TUARASCÁIL RÉAMH-SMACHTBHANNA** Agus 'tuarascálacha promhaidh' á dtabhairt orthu freisin, déantar measúnú sna tuarascálacha seo ar a oiriúnaí atá smachtbhanna pobail agus ar shaincheisteanna a bhaineann le hathchiontú a laghdú. Agus iad ag cur leis na torthaí ar mheasúnú riosca struchtúrtha, leagtar amach i dtuarascálacha promhaidh na tosca bunúsacha taobh thiar den iompar ciontaithe, dearcadh an chiontóra i leith na coire agus inspreagadh an chiontóra athrú a dhéanamh, agus an gníomh atá á dhéanamh chun cabhrú le tuilleadh ciontaithe a chosc.

**TUARASCÁIL SEIRBHÍS POBAIL** Déantar measúnú sna tuarascálacha seo ar a oiriúnaí atá an ciontóir obair neamhíoctha a dhéanamh sa phobal seachas é a chur i bpríosún.

## MAOIRSEACHT

### ORDUITHE PROMHAIDH

Tá Orduithe Promhaidh ar cheann amháin de raon roghanna atá ar fáil do na cúirteanna agus pianbhreith á cur acu ar dhaoine a fuarthas ciontach in iompar coiriúil. Tugann ciontóirí gealltanas don chúirt go n-iompróidh siad iad féin go maith; nach ndéanfaidh siad coir eile; go gcloífidh siad le coinníollacha an ordaithe agus go leanfaidh siad na treoracha ó Oifigeach Promhaidh Maoirseachta a dhéanfaidh faireachán orthu agus a chabhróidh leo fanacht ar shiúl ó thuilleadh trioblóide.

### ORDUITHE SEIRBHÍS POBAIL

In ionad pianbhreith phríosúin a chur orthu, féadfaidh an Chúirt deis a thabhairt do chiontóirí ciontaithe os cionn 16 bliana d'aois obair neamhíoctha a dhéanamh don phobal. Leis an reachtaíocht um Orduithe Seirbhís Pobail, féadfaidh Breitheamh idir 40 uair oibre agus 240 uair oibre a ghearradh mar phianbhreith ar chiontóir. Ní mór gach Ordú a chomhlíonadh laistigh de bhliain amháin. Is malairt dhíreach ar phianbhreith phríosúin í Seirbhís Pobail agus ní dhéanfaidh Breitheamh Ordú den sórt sin ach amháin tar éis dó pianbhreith choimeádta a bhreithniú ar dtús.

### FILLEADH AR AN bPOBAL

Scéim dhreasaithe is ea an Clár um Fhilleadh ar an bPobal, rud a tugadh isteach ar aon dul leis na moltaí ó Ghrúpa Athbhreithnithe Thionscadal Halla Bhaile na Sceach. Foráiltear leis an scéim do scaoileadh sealadach tuillte, rud faoina dtairgtear luathscaoileadh sealadach do chiontóirí a ndéanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann measúnú orthu i gcomaoin seirbhís pobail faoi mhaoirseacht. Déanann Oifigigh de chuid na Seirbhíse Promhaidh measúnú ar chiontóirí maidir lena oiriúnaí atá siad don obair pobail a chríochnú agus maidir leis an inspreagadh atá acu í a dhéanamh.

Baineann an scéim le príosúnaigh a mheasúnaítear a bheith oiriúnach agus a bhfuil pianbhreitheanna os cionn bliain amháin agus faoi bhun ocht mbliana á gcur isteach acu. Deonaítear scaoileadh sealadach in-athnuaite do na rannpháirtithe a luaithe a bheidh 50% nó níos mó dá bpianbhreith curtha isteach acu, agus coinníoll ag gabháil leis go dtabharfaidh siad faoi sheirbhís pobail faoi mhaoirseacht na Seirbhíse Promhaidh ar a scaoileadh.

## MAOIRSEACHT LE LINN IARCHUR PIONÓIS

Is é is maoirseacht le linn iarchur pionóis ann ná cleachtas breithiúnach nach dtéann an Chúirt ar aghaidh chun cinneadh díreach a dhéanamh ar an bpionós cuí ann. Ina ionad sin, iarchuireann an Chúirt an cinneadh go dáta eile, ar an gcoinníoll go gcloífidh an ciontóir le maoirseacht an Oifigigh Phromhaidh agus nach ndéanfaidh sé cion eile.

## MAOIRSEACHT IAR-SCAOILTE

Faoin Acht um Chiontóirí Gnéis, 2001, féadfaidh Breithiúna tréimhse maoirseacht phromhaidh a ghearradh ar chiontóirí gnéis ar a scaoileadh ón bpríosún. Déantar dlúthfhaireachán ar chiontóirí den sórt sin. Le linn na maoirseachta, díríonn an tOifigeach Promhaidh ar an gcion a rinneadh agus ar na himpleachtaí a bheidh aige ar shábháilteacht phoiblí, ar chúnamh a thabhairt don chiontóir a thuiscint gur fadhb é an t-iompar ciontaithe roimhe, ar thosca riosca a shainaithint agus ar straitéisí agus ar thacaí a fhorbairt chun a chinntiú nach ndéanfar cion eile.

## PIANBHREITHEANNA ATÁ AR FHIONRAÍ GO COINNÍOLLACH NÓ AR PHÁIRTFHIONRAÍ GO COINNÍOLLACH

Féadfaidh breithiúna déileáil le cás trí phianbhreith atá ar fionraí nó ar páirtfhionraí a ghearradh ar an gcoinníoll go ndéanfar maoirseacht phromhaidh ar an gciontóir. Fágann sé sin go bhféadfaidh an Breitheamh na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Pianbhreith phríosúin a mhairfidh roinnt míonna nó blianta a ghearradh; agus
- An phianbhreith ar fad nó cuid di a chur ar fionraí ar feadh tréimhse ama, ar choinníoll go bhfanfaidh an ciontóir faoi mhaoirseacht Oifigigh Phromhaidh ar feadh na tréimhse sonraithe ina mbeidh an phianbhreith choimeádta ar fionraí.

## SCAOILEADH SEALADACH FAOI MHAOIRSEACHT

Déanann an tSeirbhís Phromhaidh maoirseacht ar roinnt príosúnach agus iad ar scaoileadh sealadach ó choimeád sa phobal (mar a fhoráiltear dó san Acht um Cheartas Coiriúil, 1960, agus san Acht um Cheartas Coiriúil (Scaoileadh Sealadach Príosúnach), 2003), agus coinníollacha sonracha ag gabháil leis atá dírithe ar chabhrú lena n-athimeascadh sa phobal agus le tuilleadh ciontaithe a sheachaint. Agus iad ar scaoileadh sa phobal, tá oibleagáid ar phríosúnaigh ar gearradh pianbhreith saoil orthu comhoibriú agus cloí leis an maoirseacht ón tSeirbhís Phromhaidh mar choinníoll lena scaoileadh sealadach. I bhformhór na gcásanna, fanfaidh príosúnaigh den sórt sin faoi mhaoirseacht feadh na coda eile dá saol.


## COMHDHÁIL TEAGHLAIGH

Mar aon leis an méid thuas, déanann an tSeirbhís Phromhaidh bainistiú ar roinnt diúscairtí éagsúla a bhaineann go sonrach le daoine óga a dhéanann ciontú, mar atá leagtha amach faoi Acht na Leanaí, 2001, arna leasú. I measc na ndiúscairtí sin, tá Comhdháil Teaghlaigh. Tá Comhdháil Teaghlaigh bunaithe ar phrionsabail an cheartais aisiríoch, rud a bhaineann, go bunúsach, leis an díobháil a rinneadh d'íospartaigh a leigheas agus leis an gciontóir a choinneáil cuntasach as a c(h)uid gníomhartha ag an am céanna. Is é an aidhm atá leis an gComhdháil Teaghlaigh an duine óg, a bhfuil freagracht glactha aige/aici as a c(h)uid iompair féin, a stiúradh ón gcúirt, ó chiontú agus ó choimeád agus ó chionta eile a dhéanamh.


## GNÍOMHARTHA A DHÉANTAR I gCÁS NEAMH-CHOMHLÍONADH ORDUITHE CÚIRTE

I gcásanna ina dteipeann ar chiontóirí faoi mhaoirseacht na téarmaí a ghabhann le ceann ar bith de na horduithe maoirseachta thuasluaite a chomhlíonadh, tugtar iad ar ais os comhair na cúirte chun déileáil le hiarmhairtí na teipe sin. Féadfar pionós eile, suas go pianbhreith choimeádta agus an phianbhreith sin san áireamh, a ghearradh dá bharr sin.

# Cairt Eagrúcháin na Seirbhíse Promhaidh 2014




# Réigiúin na Seirbhíse Promhaidh



# Príomhláithreacha Soláthair na Seirbhíse Promhaidh 2014

**(Oifigí na Seirbhíse Promhaidh, Príosúin agus Oifigí Cúirte)**



## Airgeadais

| RÁITEAS AIRGEADAIS - IONCAM AGUS CAITEACHAS 2014 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | SOLÁTHAR BUISÉID | TORADH SEALADACH | COIGILTEAS | BARRACHAS |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **VÓTA 24** | **EANÁIR - NOLLAIG 2014** | | | | |
| | | | | | |
| **B.10** | Tuarastail, Pá agus Liúntais | 20,721 | 20,703 | 18 | |
| | | | | | |
| **B.11** | Costais Oibriúcháin (Taisteal, Post agus Teileachumarsáid, Áitreabh Oifige, Innealra Oifige) | 3,775 | 3,171 | 604 | |
| | | | | | |
| **B.12** | Seirbhísí do Chiontóirí | | | | |
| | Cúnamh do Chomhlachtaí Deonacha (Reatha) | 10,732 | 10,170 | 562 | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| **B.13** | An Scéim um Orduithe Seirbhís Pobail | 2,067 | 2,062 | 5 | |
| | | | | | |
| | **IOMLÁN** | **37,295** | **36,106** | **1,189** | **0** |

| RÁITEAS AIRGEADAIS - IONCAM AGUS CAITEACHAS 2013 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | SOLÁTHAR BUISÉID | TORADH | COIGILTEAS | BARRACHAS |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **VÓTA 24** | **EANÁIR - NOLLAIG 2013** | | | | |
| | | | | | |
| **B.10** | Tuarastail, Pá agus Liúntais | 21,418 | 20,860 | 558 | |
| | | | | | |
| **B.11** | Costais Oibriúcháin (Taisteal, Post agus Teileachumarsáid, Áitreabh Oifige, Innealra Oifige) | 4,025 | 3,122 | 903 | |
| | | | | | |
| **B.12** | Seirbhísí do Chiontóirí | | | | |
| | Cúnamh do Chomhlachtaí Deonacha (Reatha) | 10,572 | 9,703 | 869 | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| **B.13** | An Scéim um Orduithe Seirbhís Pobail | 2,104 | 2,113 | | -9 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | **38,119** | **35,798** | **2,330** | **-9** |

**An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997**

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas i gcomhréir leis an Acht laistigh de na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an tSeirbhís Phromhaidh lena gcinntítear go n-íoctar gach sonrasc laistigh den teorainn ama reachtúil. Cé gur ceapadh na nósanna imeachta chun comhlíonadh an Achta a chinntiú, ní thugtar leo ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, maidir le comhlíonadh ábhartha an Achta.

Cuireadh na nósanna imeachta sin i bhfeidhm sa tréimhse airgeadais faoi athbhreithniú. I gcás íocaíochtaí malla, tugadh fógra do na soláthraithe lena mbaineann fúthu sin agus íocadh an t-ús a bhí dlite dóibh.
De réir an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, tugtar an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an tréimhse airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2014:

**(a)** Cleachtais Íocaíochta

Déanann an tSeirbhís Phromhaidh íocaíocht le soláthraithe de réir na dtéarmaí atá sainithe sna sonraisc faoi seach nó de réir na gcoinníollacha atá sainithe sna conarthaí aonair, más iomchuí. Ón mbliain 2002 i leith, is iad 30 lá na téarmaí caighdeánacha.

**Íocaíochtaí malla:**

| Suim an tSonraisc | Líon na Sonrasc | Suim an Úis a Íocadh<br>€ |
|---|---|---|
| Faoi bhun €317 | 10 | 415.00 |
| Os cionn €317 | 1 | 40.86 |
| **Iomlán** | **11** | **455.86** |

# Staitisticí 2014

## Staitisticí – Foriomlán

| Foriomlán | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|
| Líon iomlán na gCiontóirí ar déileáladh leo sa Phobal sa bhliain* | 15,080 | 15,984 | 15,134 |
| Atreoruithe iomlána ón gcúirt chuig an tSeirbhís Phromhaidh | 8,790 | 8,705 | 8,482 |
| Líon iomlán na ndaoine a atreoraíodh ó na cúirteanna chuig an tSeirbhís | 7,646 | 7,578 | 7,416 |

| Atreoruithe Nua ón gCúirt | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|
| Atreorú le haghaidh Tuarascálacha Promhaidh (Réamh-Smachtbhanna) | 4,921 | 5,027 | 4,817 |
| Atreorú le haghaidh Tuarascálacha Seirbhís Pobail | 2,377 | 2,005 | 1,943 |
| Tuarascálacha Réamh-Smachtbhanna chun Seirbhís Pobail a bhreithniú | 575 | 692 | 649 |
| Orduithe gan tuarascáil roimh ré | 902 | 931 | 1,037 |
| Comhdháil Teaghlaigh | 15 | 50 | 36 |
| Atreoruithe Iomlána ón gCúirt | 8,790 | 8,705 | 8,482 |

| Tuarascálacha Comhlánaithe | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|
| Tuarascálacha Promhaidh (Réamh-Smachtbhanna)** | 9,817 | 9,987 | 9,818 |
| Tuarascálacha Seirbhís Pobail (Caighdeánacha)** | 2,043 | 1,857 | 1,665 |
| Tuarascálacha Seirbhís Pobail (Aon Lae) | 963 | 853 | 812 |
| An Bord Parúil – Tuarascálacha Measúnaithe agus Cúinsí Baile | 121 | 50 | 84 |
| Tuarascálacha Aisdúichithe a cuireadh ar fáil don Roinn | 14 | 19 | 18 |
| Tuarascálacha Tionchair Íospartaigh – Líon iomlán na dtuarascálacha a comhlánaíodh | 55 | 59 | 53 |
| Tuarascálacha ar Phríosúnaigh ar Gearradh Pianbhreith Saoil orthu do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann | | 74 | 71 |
| Tuarascálacha Comhlánaithe Iomlána | 13,013 | 12,899 | 12,521 |

* Áirítear leis seo ciontóirí a rabhthas ag déileáil leo ag tús na bliana, mar aon leis na hatreoruithe nua a fuarthas le linn na bliana. Áirítear leis seo atreoruithe ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (lena n-áirítear daoine ar an Scéim um Fhilleadh ar an bPobal) agus ciontóirí aisdúichithe.
**Tabhair faoi deara go n-áirítear leis seo gach tuarascáil ar dhul chun cinn a iarradh ón gcúirt mar aon le tuarascálacha measúnaithe tosaigh. Ní áirítear leis seo tuarascálacha Aon Lae.

## Staitisticí – Maoirseacht

| Maoirseacht | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|
| Orduithe do Mhaoirseacht le linn na bliana (Orduithe Promhaidh) | 1,742 | 1,640 | 1,716 |
| Orduithe do Mhaoirseacht le linn Iarchur Pionóis | 1,695 | 1,732 | 1,585 |
| Orduithe Seirbhís Pobail | 2,569 | 2,354 | 2,197 |
| Pianbhreith ar Fionraí Iomlán agus Maoirseacht | 599 | 753 | 798 |
| Orduithe Maoirseachta Pianbhreithe ar Páirtfhionraí | 389 | 440 | 586 |
| Orduithe Maoirseachta Iar-Scaoilte | 43 | 40 | 40 |
| Orduithe Eile | 131 | 126 | 170 |
| Orduithe Maoirseachta Iomlána a rinneadh le linn na bliana | 7,168 | 7,085 | 7,092 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na bpríosúnach pianbhreith saoil a ndearnadh maoirseacht orthu sa phobal* | 73 | 76 | 73 |
| Líon na gciontóirí gnéis a ndearnadh maoirseacht orthu sa phobal | 209 | 211 | 321** |

* Is é atá san fhigiúr a bhaineann le príosúnaigh phianbhreith saoil agus ciontóirí gnéis ná líon iomlán na ndaoine a ndearnadh maoirseacht orthu le linn na bliana.
** Le linn 2014 tugadh modheolaíocht nua isteach chun ciontóirí gnéis a áireamh.

## Staitisticí – Seirbhís Pobail

| Seirbhís Pobail | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|
| Atreorú le haghaidh Tuarascálacha Seirbhís Pobail | 2,377 | 2,005 | 1,943 |
| Tuarascálacha Réamh-Smachtbhanna chun Seirbhís Pobail a bhreithniú | 575 | 692 | 649 |
| Tuarascálacha Iomlána inar breithníodh Seirbhís Pobail | 2,952 | 2,697 | 2,592 |
| Tuarascálacha Seirbhís Pobail (Aon Lae) | 963 | 853 | 812 |
| Orduithe Seirbhís Pobail a rinneadh | 2,569 | 2,354 | 2,190 |
| Líon iomlán na n-uaireanta Seirbhís Pobail a ordaíodh in ionad pianbhreith choimeádta | 384,159 | 352,007 | 327,730 |
| Pianbhreith mhalartach iomlán de réir na mblianta a chuirfí isteach ar shlí eile | 1,053 | 974 | 995 |

## Staitisticí – Filleadh ar an bPobal agus Príosúin

| Filleadh ar an bPobal | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|
| Líon na gciontóirí ar an Scéim um Fhilleadh ar an bPobal ag an 31 Nollaig | 105 | 108 | 149 |
| Líon na gciontóirí a thosaigh ar an Scéim le linn na bliana | 299 | 396 | 455 |
| Líon na ndaoine a chríochnaigh an scéim go rathúil le linn na bliana | 221 | 327 | 461 |
| **Príosúin** | **2012** | **2013** | **2014** |
| Líon na bpríosúnach ar Orduithe Maoirseachta Pianbhreithe ar Páirtfhionraí a bhí i bpríosún ag an 31 Nollaig | 733 | 664 | 685 |
| Líon na gciontóirí gnéis a bhí i bpríosún ag an 31 Nollaig agus a bhí i dteagmháil leis an tSeirbhís Phromhaidh | 353 | 373 | 294 |
| Líon na bpríosúnach nua a bhí i dteagmháil leis an tSeirbhís Phromhaidh | 598 | 543 | 578 |
| Líon foriomlán na bpríosúnach ar déileáladh leo le linn na bliana | 2,289 | 3,029 | 2,922 |

## Miondealú Aoise / Inscne na n-atreoruithe nua

| | Inscne | | | % |
|---|---|---|---|---|
| Catagóir Aoise | Bean | Fear | Iomlán | Bean |
| 12-17 | 55 | 635 | 690 | 8.0% |
| 18-24 | 359 | 2588 | 2947 | 12.2% |
| 25-34 | 460 | 2295 | 2755 | 16.7% |
| 35-44 | 259 | 1137 | 1396 | 18.6% |
| 45-54 | 86 | 408 | 494 | 17.4% |
| >54 | 33 | 167 | 200 | 16.5% |
| Iomlán | 1252 | 7227 | 8482 | 14.8% |

## Staitisticí – Banchiontóirí

| Atreoruithe Nua ón gCúirt | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|
| Atreorú le haghaidh Tuarascálacha Promhaidh (Réamh-Smachtbhanna) | 860 | 769 | 845 |
| Atreorú le haghaidh Tuarascálacha Seirbhís Pobail | 217 | 185 | 202 |
| Tuarascálacha Réamh-Smachtbhanna chun Seirbhís Pobail a bhreithniú | 62 | 83 | 71 |
| Orduithe gan tuarascáil roimh ré | 124 | 146 | 144 |
| Comhdháil Teaghlaigh | 1 | 8 | 2 |
| Atreoruithe Iomlána - Ban-Chiontóirí | 1,264 | 1,191 | 1,264 |
| **Maoirseacht (Ban-Chiontóirí)** | **2012** | **2013** | **2014** |
| Orduithe Promhaidh | 325 | 341 | 350 |
| Orduithe do Mhaoirseacht le linn Iarchur Pionóis | 281 | 281 | 222 |
| Orduithe Seirbhís Pobail | 229 | 204 | 191 |
| Pianbhreith ar Fionraí Iomlán agus Maoirseacht | 77 | 104 | 109 |
| Orduithe Maoirseachta Pianbhreithe ar Páirtfhionraí | 31 | 28 | 36 |
| Orduithe Eile | 9 | 20 | 9 |
| Iomlán | 952 | 978 | 917 |

## Staitisticí – Daoine Óga

| Atreoruithe Nua ón gCúirt | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|
| Atreorú le haghaidh Tuarascálacha Promhaidh (Réamh-Smachtbhanna) | 775 | 758 | 775 |
| Atreorú le haghaidh Tuarascálacha Seirbhís Pobail | 25 | 13 | 15 |
| Tuarascálacha Réamh-Smachtbhanna chun Seirbhís Pobail a bhreithniú | 4 | 3 | 9 |
| Orduithe gan tuarascáil roimh ré | 41 | 27 | 26 |
| Comhdháil Teaghlaigh | 15 | 50 | 36 |
| Atreoruithe Iomlána - Daoine Óga | 860 | 851 | 861 |
| **Maoirseacht** | **2012** | **2013** | **2014** |
| Orduithe Promhaidh | 313 | 256 | 242 |
| Orduithe do Mhaoirseacht le linn Iarchur Pionóis | 340 | 373 | 370 |
| Orduithe Seirbhís Pobail | 35 | 28 | 20 |
| Pianbhreith ar Fionraí Iomlán agus Maoirseacht | 17 | 4 | 8 |
| Orduithe Maoirseachta Pianbhreithe ar Páirtfhionraí a Rinneadh | 54 | 29 | 7 |
| Orduithe Eile* | 129 | 123 | 93 |
| Orduithe Maoirseachta Iomlána - Daoine Óga | 888 | 813 | 740 |

*Áirítear le hOrduithe Eile diúscairtí éagsúla faoi Acht na Leanaí, 2001, (arna leasú)

## Sreabhadh Daoine faoi Mhaoirseacht le linn 2014

| Cineál Ordaithe | Sreabhadh Daoine ar Orduithe | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Gníomhach 1 Ean. 2014 | Orduithe Tosaithe | Orduithe Dúnta | Gníomhach 1 Ean. 2015 |
| Ordú Promhaidh | 1573 | 1416 | 1363 | 1626 |
| Ordú Seirbhís Pobail | 2219 | 1910 | 1969 | 2160 |
| Pianbhreith ar Fionraí Iomlán agus Maoirseacht | 960 | 703 | 611 | 1052 |
| Pianbhreith ar Páirtfhionraí agus Maoirseacht | 804 | 813 | 719 | 898 |
| Filleadh ar an bPobal | 108 | 455 | 461 | 149 |
| Maoirseacht ar Phríosúnach Pianbhreith Saoil | 70 | 3 | 0 | 73 |
| Maoirseacht ar Scaoileadh Sealadach | 22 | 10 | 17 | 15 |
| Maoirseacht Iar-Scaoilte | 135 | 38 | 54 | 119 |
| Comhdháil Teaghlaigh | 26 | 30 | 36 | 20 |
| Iarchur Pionóis | 344 | 1,463 | 1,393 | 414 |
| Eile | 312 | 223 | 335 | 200 |
| Iomlán | 6606 | 5511 | 5376 | 6741 |

## Miondealú Ciona na nAtreoruithe agus na nOrduithe le linn 2014

| Offence Category | Atreoruithe le linn 2014 | Maoirseacht de Chineál Promhaidh | Orduithe Seirbhís Pobail |
|---|---|---|---|
| Goid | 22.9% | 24.0% | 20.4% |
| Cionta Ionsaí | 15.5% | 15.4% | 13.8% |
| Cionta Drugaí | 15.1% | 15.5% | 13.3% |
| Cionta Oird Phoiblí | 12.4% | 12.0% | 16.5% |
| Buirgléireacht | 9.7% | 10.9% | 7.6% |
| Cionta Tráchta ar Bhóithre | 5.4% | 3.0% | 12.6% |
| Cionta Maoine | 4.7% | 4.5% | 4.3% |
| Robáil | 3.7% | 4.4% | 1.0% |
| Gníomhartha Contúirteacha | 3.1% | 2.6% | 4.4% |
| Airm agus Pléascáin | 2.9% | 3.5% | 2.7% |
| Cionta Gnéis | 1.6% | 1.8% | 0.2% |
| Cionta i gcoinne Ceartais | 1.6% | 1.9% | 1.2% |
| Cionta Calaoise | 0.9% | 0.4% | 1.4% |
| Fuadach | 0.2% | 0.1% | 0.2% |
| Cionta Ilghnéitheacha | 0.2% | 0.1% | 0.3% |
| Cionta Dúnbhásaithe | 0.2% | 0.1% | 0.1% |
| Iomlán | 100.0% | 100.0% | 100.0% |

## Atreoruithe de réir Ionaid – 2014


| Ionad Cúirte | Dlínse: An Chúirt Chuarda agus an Ard-Chúirt | Dlínse: Achomhairc chuig an gCúirt Chuarda ón gCúirt Dúiche | Dlínse: An Chúirt Dúiche | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Baile Átha Cliath (Na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla) | 624 | 76 | 925 | 1625 |
| Margadh na Feirme (Cúirt na nÓg) | 1 | . | 246 | 247 |
| Dún Laoghaire | 0 | . | 217 | 217 |
| Sráid na Seansaireachta (Bridewell) | 0 | 0 | 214 | 214 |
| Tamhlacht | 0 | . | 192 | 192 |
| Baile Bhlainséir | 1 | . | 130 | 131 |
| Sord | 0 | . | 97 | 97 |
| Cnoc na Seamar | 0 | . | 68 | 68 |
| Baile Brigín | 0 | . | 32 | 32 |
| Cúirt Chóireála Drugaí | 0 | . | 17 | 17 |
| Cúirteanna Eile i mBaile Átha Cliath | 5 | 0 | 5 | 10 |
| Gach Cúirt i mBaile Átha Cliath (Cathair agus Contae) | 631 | 76 | 2143 | 2850 |

| Ionad Cúirte | Dlínse: An Chúirt Chuarda agus an Ard-Chúirt | Dlínse: Achomhairc chuig an gCúirt Chuarda ón gCúirt Dúiche | Dlínse: An Chúirt Dúiche | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Corcaigh | 181 | 30 | 574 | 785 |
| Luimneach | 55 | 1 | 316 | 372 |
| Cathair na Gaillimhe | 75 | 7 | 143 | 225 |
| Cathair Phort Láirge | 60 | 18 | 134 | 212 |
| Port Laoise | 30 | 17 | 148 | 195 |
| Tulach Mhór | 35 | 7 | 152 | 194 |
| An Cabhán | 33 | 9 | 130 | 172 |
| An Uaimh | 0 | . | 170 | 170 |
| Leitir Ceanainn | 29 | 1 | 137 | 167 |
| An Nás | 49 | 10 | 102 | 161 |
| Inis | 33 | . | 126 | 159 |
| Dún Dealgan | 40 | . | 113 | 153 |
| Bré | 8 | . | 119 | 127 |
| Loch Garman | 38 | 3 | 83 | 124 |
| Mainistir na Corann | 0 | 1 | 111 | 112 |
| An Muileann gCearr | 64 | 1 | 47 | 112 |
| Droichead Átha | 0 | . | 101 | 101 |
| Cill Chainnigh | 34 | 1 | 60 | 95 |
| Cluain Meala | 44 | 5 | 45 | 94 |
| Sligeach | 29 | . | 60 | 89 |
| Cill Mhantáin | 47 | . | 39 | 86 |
| Meala | 0 | . | 85 | 85 |
| An tAonach | 17 | . | 63 | 80 |


| Baile Átha Troim | 34 | 7 | 37 | 78 |
|---|---|---|---|---|
| | Dlínse | | | |
| Ionad Cúirte | An Chúirt Chuarda agus an Ard-Chúirt | Achomhairc chuig an gCúirt Chuarda ón gCúirt Dúiche | An Chúirt Dúiche | Iomlán |
| Achadh an Iúir | 0 | . | 76 | 76 |
| Caisleán an Bharraigh | 48 | 1 | 26 | 75 |
| Muineachán | 12 | 0 | 62 | 74 |
| Trá Lí | 27 | 2 | 36 | 65 |
| Ceatharlach | 17 | . | 47 | 64 |
| Carraig Mhachaire Rois | 1 | 0 | 62 | 63 |
| An Longfort | 17 | 3 | 38 | 58 |
| Guaire | 0 | . | 53 | 53 |
| An Caisleán Nua Thiar | 0 | . | 51 | 51 |
| Durlas | 0 | . | 48 | 48 |
| Mainistir Fhear Maí | 0 | 1 | 46 | 47 |
| Droichead na Bandan | 0 | . | 46 | 46 |
| Baile Átha Luain | 0 | 2 | 43 | 45 |
| An tInbhear Mór | 0 | . | 44 | 44 |
| Béal Átha na Sluaighe | 0 | . | 38 | 38 |
| Maigh Chromtha | 0 | 1 | 36 | 37 |
| Ros Comáin | 16 | 2 | 18 | 36 |
| Cora Droma Rúisc | 10 | . | 24 | 34 |
| Dún Garbhán | 0 | 2 | 32 | 34 |
| Tiobraid Árann | 0 | . | 31 | 31 |
| Cloich na Coillte | 0 | . | 28 | 28 |
| Cionn tSáile | 0 | . | 27 | 27 |
| Caiseal | 0 | . | 25 | 25 |
| Cill Rois | 0 | . | 25 | 25 |
| Baile Átha Í | 0 | 5 | 19 | 24 |
| Carraig na Siúire | 1 | . | 23 | 24 |
| Beanntraí | 0 | . | 22 | 22 |
| Eochaill | 0 | 2 | 20 | 22 |
| Bun Cranncha | 0 | . | 21 | 21 |
| Cill Dalua | 0 | . | 17 | 17 |
| Tuaim | 0 | . | 17 | 17 |
| Cathair na Mart | 0 | . | 14 | 14 |
| Béal an Átha | 1 | . | 12 | 13 |
| Carn Domhnach | 0 | . | 13 | 13 |
| Cill Airne | 0 | 2 | 11 | 13 |
| Lios Tuathail | 0 | . | 12 | 12 |
| Loch Riach | 0 | 3 | 9 | 12 |
| Baile Átha Fhirdhia | 0 | . | 11 | 11 |
| Béal Átha Seanaidh | 0 | . | 11 | 11 |
| Dún na nGall | 8 | . | 3 | 11 |
| An Gort | 0 | 1 | 10 | 11 |
| Iomlán Foriomlán | 1725 | 223 | 6534 | 8482 |

Rinne gach ceann de na cúirteanna eile níos lú ná 11 atreorú sa bhliain 2014.


## Miondealú na nAtreoruithe Nua 2014





## Miondealú na nOrduithe Cúirte 2014




## Treocht na dTuarascálacha Measúnaithe ar Chiontóirí a Iarradh 2011-2014





## Treocht na nOrduithe a Rinneadh de réir Bliana 2011-2014




## Miondealú na nAtreoruithe Nua (Daoine Óga)





## Miondealú na nOrduithe Cúirte (Daoine Óga)





## Treocht na dTuarascálacha Measúnaithe ar Chiontóirí a Iarradh (Daoine Óga) 2011-2014





## Treocht na nOrduithe a Rinneadh de réir Bliana (Daoine Óga) 2011-2014





Dáileadh na nOrduithe Promhaidh a rinneadh in 2014
1200
1000
800
600
400
200
0
6
7-11
12
13-18
19-24
>24
Líon na Míonna - Orduithe Promhaidh



Dáileadh na nOrduithe Seirbhís Pobail a rinneadh in 2014
700
600
100
0
Líon na nOrduithe
Líon
40-70
221-240
Líon na nUaireanta Seirbhís Pobail


## Léarscáil na nAtreoruithe Nua in aghaidh an 100,000 cónaitheoir in 2014








# Léarscáil na nOrduithe Promhaidh in aghaidh an 100,000 cónaitheoir



## Léarscáil na nOrduithe Seirbhís Pobail in aghaidh an 100,000 cónaitheoir



## Eagraíochtaí Pobalbhunaithe
## a fhaigheann tacaíocht cistithe tríd an tSeirbhís Phromhaidh

(1). **Tionscadal Spóirt Eachtraíochta** *(YPP)*, School on Stilts, Sráid Rutland, Baile Átha Cliath 1

(2). **Grúpa Téarnaimh Iarchúraim**, 48 Plás Seville, Baile Átha Cliath 1

(3). **Aiséirí Cahir**, Páirc an Bhaile, An Chathair, Co. Thiobraid Árann

(4). **Aiséirí Loch Garman**, Roxborough, Loch Garman, Co. Loch Garman

(5). **Aislinn***(YPP),* Béal Átha Ragad, Co. Chill Chainnigh

(6). **Tionscadal Ana Liffey**, 48 Sráid na Mainistreach Láir, Baile Átha Cliath 1

(7). **Tionscadal Roghanna Bhaile Átha Í**, Ionad Seirbhísí Pobail, Sráid Nelson, Baile Átha Í, Co. Chill Dara

(8). **Ceardlann Oiliúna Bhéal Átha na Sluaighe,** Teach na Canálach, Bóthar an Chuain, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe

(9). **Tionscadal Gníomhaíochta Óige Bhaile Munna,** Ionad Horizons, Bóthar Bhaile Cora, Baile Munna, Baile Átha Cliath 11

(10). **Tionscadail an Droichid,** Aonad 3, 131-133 Sráid San Proinsias, Baile Átha Cliath 8

(11). **Mothar an Bhainbh (Clarecare),** Teach Mhothar an Bhainbh, Mothar an Bhainbh, Inis, Co. an Chláir

(12). **Iontaobhas Pobail Candle** *(YPP)*, Bosca Oifig Phoist 1145, Lána Uí Loingsigh, Baile Formaid, Baile Átha Cliath 10

(13). **Céim ar Chéim (YPP),** Aonad 5, Aonaid Forbartha Shionainne, Bóthar Chnoc an Lisín, Maigh Rois, Co. Luimnigh

(14). **Céim Eile (Aiséirí),** 1 Gleann Cara, An Baile Beag, Port Láirge, Co. Phort Láirge

(15). **Iontaobhas Pobail Pháirc na hEaglaise,** 107-109 Ascaill Chnoc Fraoigh, Páirc na hEaglaise, Cathair Chorcaí, Co. Chorcaí

(16). **Pobal Teiripeach Chúil Mhín,** Teach Ashleigh, The Stables, Baile Damail, Baile Átha Cliath 15

(17). **Ionad Chomhghuaillíochta Chorcaí,** Teach Robert Scott, 6 Cé Phádraig, Cathair Chorcaí, Co. Chorcaí

(18). **Tionscadal Mhargadh an Arbhair – Forbairt Áitiúil Loch Garman,** 9 Sráid Uí Mhealláin, Margadh an Arbhair, Loch Garman, Co. Loch Garman

(19). **Diméin Mhic an Choiligh (YPP),** The House, 15-16 Páirc Fhearann Dara, Dún Dealgan, Co. Lú

(20). **Crinan,** 72 Sráid Sheáin Mhic Dhiarmada, Baile Átha Cliath 1

(21). **Cuan Mhuire, Baile Átha Í,** Baile an Mhuilinn, Baile Átha Í, Co. Chill Dara

(22). **Cuan Mhuire, Brú Rí,** Brú Rí, Co. Luimnigh

(23). **Cuan Mhuire, Cúil Airne,** Cúil Aire, An Turlach Mór, Co. na Gaillimhe

(24). **Cuan Mhuire, Na Fearnáin,** Na Fearnáin, Co. Chorcaí

(25). **Seirbhísí Pobail Iníonacha na Carthanachta (YPP),** 8/9 Sráid Henrietta, Baile Átha Cliath 1

(26). **Dóchas don Óige** ***(YPP),*** Eastát Tionsclaíochta Lios Bán, Bóthar Thuama, Gaillimh, Co. na Gaillimhe

(27). **Iontaobhas Oideachais,** f/c Bloc 3, Cúirt an Gharráin, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15

(28). **Teach Fellowship,** Spur Hill, Dúchluain, An Tóchar, Cathair Chorcaí, Co. Chorcaí

(29). **Fusion CPL,** Ionad Sláinte Ghort na Silíní, Garrán Ghort na Silíní, Baile Átha Cliath 10

(30). **GROW,** An Oifig Náisiúnta Tacaíochta, 6 Eachlann na Foraoise, Bóthar na Foraoise, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath

## Eagraíochtaí Pobalbhunaithe a fhaigheann tacaíocht cistithe tríd an tSeirbhís Phromhaidh

(31). **Tionscadal Theach Grattan,** Eaglais Naomh Nioclás, Sráid an Chamais, Cathair Chorcaí, Co. Chorcaí

(32). **Cumann Naomh Pilib Neri,** Naomh Uinseann de Póil, 91-92 Sráid Sheáin Mhic Dhiarmada, Baile Átha Cliath 1

(33). Tionscnamh Samplála Poist, Ionad Teaghlaigh agus Pobail Bhríde, 37 An Bóthar Buí Íochtarach, Port Láirge, Co. Phort Láirge

(34). **Comhairleoireacht Déagóirí Chiarraí (YPP)**, Balúnach, Trá Lí, Co. Chiarraí

(35). **Fostaíocht Chill Chainnigh le haghaidh Ógánach,** Rae an Ghairdín, Amach ón tSráid Ard, Cill Chainnigh, Co. Chill Chainnigh

(36). **IASIO (Nasc-Chlár),** Bloc 3, Cúirt an Gharráin, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15

(37). **Le Chéile (YPP),** 24 Ardán Tivoli Theas, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath

(38). **Seirbhísí Déagóirí Matt Talbot (YPP),** Radharc na Carraige, An Trá Bheag, Dúglas, Co. Chorcaí

(39). **Seirbhísí Déagóirí Matt Talbot (YPP),** Ionad Cóireála Cónaithe Chara, Ahiohill, Inis Céin, Co. Chorcaí

(40). **Iontaobhas Pobail Matt Talbot,** Ar cúl Eaglais na Deastógála, Bóthar na Coille Móire, Baile Átha Cliath 10

(41). **Tionscadal Ché na gCeannaithe,** 4 Cé na gCeannaithe, Baile Átha Cliath 8

(42). **Ceartas Aisiríoch sa Phobal,** Sráid Uí Chonghaile, An tAonach, Co. Thiobraid Árann

(43). **PACE,** Bloc 3, Cúirt an Gharráin, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15

(44). **PALLS,** Aonad 2, Lárionad Gnó Cheantar na nDugaí, Bóthar an Duga, Luimneach, Co. Luimnigh

(45). **Seirbhísí Ceartais Aisiríoch,** Faiche an tSráidbhaile, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24

(46). **Tionscadal SAOL,** 58 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

(47). **For-Rochtain Southill (YPP),** The Factory, Southside Youthspace, Eastát Tionsclaíochta na Gallmhóna, Luimneach, Co. Luimnigh

(48). **Stepping Out, Baile Átha Luain,** An Líonra Náisiúnta Foghlama, Béal Haibhil, Oileán Golden, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí

(49). **Tabor Lodge,** Baile an Déisigh, Béal Guala, Co. Chorcaí

(50). **Tionscadal Promhaidh Thamhlachta,** Cearnóg Theach na Cúirte, An Pháirc Thiar, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24

(51). **Ionad Oiliúna Tivoli,** 24 Ardán Tivoli Theas, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath

(52). **Clár Tower,** Teach Cusack, Lána Mharcais, Bóthar Bhaile Néill, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22

(53). **Trail,** 12-13 Sráid Berkeley, Baile Átha Cliath 7

(54). **TREO,** 34 Ionad Gnó an Tí Chorr, An Teach Corr, Port Láirge, Co. Phort Láirge

(55). **Ceardlann Oiliúna Pobail Thuama,** Fearann na mBiocáirí Córacha, Co. na Gaillimhe

(56). **Tús Nua,** Ionad Abigail, Bóthar Chill Dónáin, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11

(57). **Tionscadal U-Chasadh,** Foirgneamh Solas, Páirc Belmont, Port an Chalaidh, Co. Phort Láirge

(58). **Ionad Lae Westview (YPP),** Teach Westview, 17 Plás Audley, Corcaigh

(59). **Tionscadal Ionad Loch Garman (YPP),** 5/7 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1

(60). **WHAD (YPP), Ionad Pobail Orchard,** Garrán Ghort na Silíní, Baile Átha Cliath 10

(61). **WRENS (YPP),** Páirc Fiontair Chill an Ardáin, Cill an Ardáin, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24

An tSeirbhís Phromhaidh
The Probation Service

**www.probation.ie**

**An tSeirbhís Phromhaidh,
Margadh an Fhéir,
Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7.
Teil.: + 353 (0)1 817 3600
Facs: + 353 (0)1 872 2737**